Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Creat Rannpháirtíochta

## Creat Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht




Ullmhaithe ag An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
**gov.ie**

HUB na nÓg
YOUNG VOICES IN DECISION MAKING

# Clár na nÁbhar

Réamhrá ón Aire 1

Réamhrá 2

1. Réasúnaíocht an Chreata: Cén fáth ba cheart Leanaí agus Daoine Óga a áireamh i gCinnteoireacht? 4

2. Fís an Chreata: Rannpháirtíocht lena mbaineann Cuspóir 6

3. Prionsabail Uileghabhálacha 13

4. Tús Áite a thabhairt do Dhearcthaí Leanaí agus Daoine Óga 14

5. Samhail Rannpháirtíochta 15

6. Seicliostaí an Chreata agus Foirmeacha Aiseolais 17

7. Fachtóirí Cumasúcháin 24

Tagairtí 25

Aguisíní

Aguisín 1 Bearta reachtacha intíre a cheanglaíonn go mbíonn guth an linbh le cloisteáil i gcomhthéacsanna sonracha 27

Aguisín 2 Samplaí dea-chleachtais 28

*Scéal tuismitheora maidir leis an tionchar atá ag guth na leanaí a bheith le cloisteáil ar na leanaí* 28

*Guth na leanaí i dtionscadal réamhscoile* 29

*Rannpháirtíocht daoine óga i bhforbairt cláir le haghaidh fágálaithe scoile* 31

*Rannpháirtíocht daoine óga i bhforbairt Plean Gníomhaithe ar son an Cheartais Aeráide* 35

*Rannpháirtíocht daoine óga i bhforbairt Chlár Samhna i gCaifé Óige Lava Javas, Cathair Luimnigh* 40

*Rannpháirtíocht daltaí i gcinneadh a dhéanamh maidir le héide scoile nua* 44

*Rannpháirtíocht daoine óga sa chéad straitéis óige LGBTI+ ar domhan a chur i bhfeidhm* 47

*Rannpháirtíocht daoine óga san eispéireas a bhaineann le maireachtáil i mBaile Uí Dhúda a fheabhsú* 53

*Eachtra ina raibh tréidlia ag éisteacht le páiste* 58

# Réamhrá ón Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an *Chreata Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht*. Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas mar bhonn agus taca ag an gCreat.

Ó foilsíodh an *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020*, tá Éire chun tosaigh maidir lena chinntiú go bhfuil leanaí agus daoine óga i gcroílár chinnteoireacht an rialtais.

Tacóidh an Creat Rannpháirtíochta seo leis an obair sin agus cuirfidh sé feabhas air trí uirlisí praiticiúla a sholáthar chun a chinntiú go mbeidh leanaí agus daoine óga san áireamh sa chinnteoireacht i ngach suíomh ina mbeidh tionchar ag cinntí a dhéanann daoine fásta ar a saol.

In 2017, bunaíodh mo roinn Roinn Hub na nÓg mar ionad barrfeabhais maidir le guth a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht. Chomhoibrigh Hub na nÓg agus an tOllamh Laura Lundy, ón Larionad um Chearta Leanaí in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, le raon leathan páirtithe leasmhara i bhforbairt an Chreata Rannpháirtíochta seo. Thug lucht déanta beartas ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, múinteoirí ó luathbhlianta go dtí iar-bhunscoil, an Garda Síochána, oibrithe sóisialta, oibrithe cúram sláinte, gairmithe ealaíon agus daoine eile, a gcuid ama agus saineolais chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt seicliostaí pleanála agus meastóireachta le húsáid i gceapadh beartais, pleanáil clár agus cinnteoireacht i ngnáthshuíomhanna.

Tacóidh mo Roinn le cur i bhfeidhm an Chreata Rannpháirtíochta trí bhearta um fhorbairt cumais agus oiliúint a sholáthraíonn Hub na nÓg, chun tacú le cleachtóirí agus lucht déanta beartas atá ag obair i ngach suíomh a bhaineann le saol leanaí agus daoine óga.

Creidim go mbeidh ról fadtéarmach tábhachtach ag an gCreat seo lena chinntiú gur tír í Éire ina bhfuil meas ar gach leanbh agus duine óg, ina éistear leo agus ina gcuirtear a dtuairimí san áireamh go rialta sna seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil dóibh, mar shaoránaigh an lae inniu agus ní mar dhaoine fásta an lae amárach amháin.

**Roderic O'Gorman**
*An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige*

# Réamhrá

Tá Creat Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (an Creat) na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige [*Department of Children, Equality, Disability, Inclusion and Youth*, DCEDIY] dírithe ar ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí tacaíochta atá ag iarraidh a gcleachtas a fheabhsú agus cluas éisteachta a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga agus a chinntiú go bhfuil a nguth le cloisteáil sa phróiseas cinnteoireachta. Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Cheart an Linbh [*Convention on the Rights of the Child, CRC*][1], Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas [*Convention on the Rights of Persons with Disabilities, CRPD*][2] agus an Straitéis Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (an Straitéis Náisiúnta Rannpháirtíochta)[3] ag tacú leis an gCreat a forbraíodh i gcomhar leis an Ollamh Laura Lundy atá ag obair in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Bhí tús áite á thabhairt ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige [*Department of Children and Youth Affairs, DCYA*] sa Straitéis Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhol na nÓg a bhunú chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise agus é a éascú agus chun acmhainn a fhorbairt i ndáil le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht.

I gcomhar leis an Straitéis Náisiúnta Rannpháirtíochta, tá an Creat dírithe go príomha ar leanaí agus ar dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois, ach "chomh maith leis sin, tá guth daoine óga atá ar thairseach na haosachta agus suas go dtí 24 bliain d'aois a chur san áireamh."[4] Ní mór go mbeadh cur i bhfeidhm an Chreata i ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí bunaithe ar agus ag fáil tacaíochta ó ráiteas agus próisis éifeachtacha um chumhdach leanaí.

## Comhthéacs an Chreata a bheith á fhorbairt ag Mol na nÓg

Is bealach é an Creat chun cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Rannpháirtíochta in earnálacha agus i ngrúpaí gairmiúla ag a bhfuil tuiscint agus cur chuige comhroinnte a éascú. Chomh maith leis sin, is freagairt é an Creat d'iarratais ó pháirtithe leasmhara ar threoir maidir le comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoi CRC, CRPD agus beartas intíre agus forálacha reachtúla maidir le ceart chun gutha leanaí agus daoine óga. Trína rannpháirtíocht le heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla, tá an gá atá le hoiliúint, tacaíocht agus treoir maidir le cur chuige ceartbhunaithe i ndáil le héisteacht le leanaí agus daoine óga agus deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i gcinntí a bhfuil tionchar acu orthu sainaitheanta ag Mol na nÓg. Is fianaise é an líon méadaithe iarratas faighte ag DCEDIY agus Mol na nÓg ar chabhair agus ar threoir maidir le conas dul i gcomhairle le leanaí agus daoine óga agus oiliúint maidir le conas deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht ar an tionchar dearfach atá ag an Straitéis Náisiúnta Rannpháirtíochta agus ar na dúshláin chleachtais agus chultúrtha a bhaineann leis an gceist seo fós. Chomh maith leis sin, tarraingíonn na hiarratais seo aird ar an ngá atá le Creat Feidhmithe.

## Próiseas forbartha comhoibríoch

Ón tús, bhí comhoibriú le raon leathan páirtithe leasmhara ag croílár fhorbairt an Chreata seo. Áiríodh sa chomhoibriú seo cruinnithe straitéiseacha le ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, daoine óga agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Chuir páirtithe leasmhara aiseolas i scríbhinn ar fáil faoin gCreatdoiciméad, rinneadh tástáil úsáideora ar an dréacht-seicliosta pleanála agus ar an dréachtfhoirm aiseolais agus moladh samplaí dea-chleachtais ar cheart a áireamh sa Chreat.

Chun a chinntiú go bhfuil Seicliosta Spásanna Laethúla an Chreata ag freastal ar riachtanais cleachtóirí, reáchtáil Mol na nÓg fócasghrúpaí le cleachtóirí fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile, múinteoirí bunscoile, múinteoirí meánscoile, oibrithe sóisialta agus oibrithe tacaíochta teaghlaigh, oibrithe don ógra, altraí péidiatracha

agus Oifigigh idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána. Sholáthair rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí aiseolas agus moltaí luachmhara a bhí mar bhonn le Seicliosta Spásanna Laethúla a bhí feabhsaithe go mór. Cabhróidh sé seo le cleachtóirí guth a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga i gcinnteoireacht i ndáil le formhór na n-imeachtaí agus na ngníomhaíochtaí laethúla.

Tríd is tríd, bhí tionchar suntasach agus dearfach ag an aiseolas ar an gCreat deiridh, lena n-áirítear seicliostaí, foirmeacha aiseolais agus samplaí dea-chleachtais.

## Príomhchúram an Athbhreithnithe

Tá an Creat dírithe ar rannpháirtíocht aonair agus ar chomhchoiteann leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht, is cuma má tharlaíonn sé seo ar bhonn pearsanta, ar líne nó ar an dá bhealach. Is éard atá i gceist le cinntí aonair na cinntí sin a bhfuil tionchar acu ar leanbh amháin, cosúil le cinntí maidir leis an gcúram sláinte, oideachais nó sóisialta a chuirtear ar fáil don leanbh. Is éard atá i gceist le cinntí comhchoiteanna na cinntí sin a bhfuil tionchar acu ar ghrúpa leanaí i ngnáthshuíomhanna laethúla cosúil le scoileanna, seirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige, clubanna agus tionscadail óige, agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha, ealaíonta agus spóirt, nó i bhforbairt tionscadal, clár, seirbhísí, taighde, reachtaíochta agus beartas náisiúnta agus eagraíochtúil.

I ndáil lena rannpháirtíocht chomhchoiteann i gcinnteoireacht, cuimsítear i bhfís agus i dtreoir an Chreata rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga faoi stiúir aosach agus tionscnaimh rannpháirteacha faoi stiúir leanaí agus daoine óga i suíomhanna aghaidh ar aghaidh agus ar líne.

Tá sé mar aidhm leis an gCreat cuspóirí uileghabhálacha na Straitéise Náisiúnta Rannpháirtíochta a chomhlíonadh. Áirítear i measc na gcuspóirí sin:

- meicníochtaí a fheabhsú agus a bhunú lena chinntiú go bhfuil cluas éisteachta á tabhairt do leanaí agus do dhaoine óga nach gcloistear go minic agus go bhfuil siad páirteach i gcinnteoireacht; agus
- rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a phríomhshruthú i bhforbairt beartas, reachtaíochta, seirbhísí agus taighde.

Éilíonn rannpháirtíocht lánbhrí agus leanúnach leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht tiomantas láidir eagraíochtúil, agus tá ceithre fhachtóir cumasúcháin ag tacú le cur i bhfeidhm an Chreata:

- Tacaíocht eagraíochtúil
- Acmhainn oiliúna agus forbartha acmhainne do chinnteoirí
- Acmhainní (airgeadas, daonna, am)
- Monatóireacht agus aiseolas.

Tá tuilleadh eolais maidir leis na fachtóirí cumasúcháin seo le fáil ar leathanach 24.

## Struchtúr an chreata

Cuimsítear sa chreat:

- Réasúnaíocht an Chreata
- Fís an Chreata
- Prionsabail Uileghabhálacha
- Treoir maidir le tús áite a thabhairt do dhearcthaí leanaí agus daoine óga
- Samhail rannpháirtíochta
- Seicliostaí agus foirmeacha aiseolais pleanála agus meastóireachta
- Tacar d'fhachtóirí cumasúcháin
- Samplaí dea-chleachtais.

# 1. Réasúnaíocht an Chreata: Cén fáth ba cheart Leanaí agus Daoine Óga a áireamh i gCinnteoireacht?

Tá oibleagáid ar eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla dearcthaí leanaí a lorg agus glacadh go dáiríre leo faoi CRC, CRPD, agus forálacha sonracha reachtúla intíre (féach Aguisín 1) agus faoin Straitéis Náisiúnta Rannpháirtíochta. Chomh maith le bheith ina chearta daonna glacadh le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht mar cheart daonna, cinntíonn sé go bhforbraítear beartais, seirbhísí, cláir, áiseanna, cuir chuige foghlamtha, clubanna, gníomhaíochtaí cultúrtha agus spóirt, agus tionscnaimh eile atá níos éifeachtaí.

Is comhaontuithe idirnáisiúnta atá ceangailteach de réir dlí iad CRC agus CRPD ina sonraítear creat comhtháite de chearta agus d'oibleagáidí forluiteacha. Is leis na leanaí agus na daoine óga a bhaineann na cearta, agus is le páirtithe an Stáit a bhaineann na hoibleagáidí. Baineann na hoibleagáidí seo le gach gníomhaireacht Rialtais agus Stáit, eagraíochtaí Státmhaoinithe agus earnálacha eile a oibríonn le leanaí agus daoine óga. Áirítear i measc na gceart seo, ach níl siad teoranta do, guth leanaí a bheith le cloisteáil ina bpobail áitiúla, sa luathoideachas, i scoileanna agus i suíomhanna oideachais neamhfhoirmiúla, i seirbhísí sláinte agus sóisialta agus sna cúirteanna agus sa chóras dlí. Ciallaíonn sé seo go bhfuil dualgas suntasach le comhlíonadh ag eagraíochtaí agus ag daoine aonair atá ag obair go díreach le leanaí nó daoine óga nó go bhfuil siad freagrach as beartais, seirbhísí, taighde nó reachtaíocht a théann i bhfeidhm orthu. Sonraítear i gCoinbhinsiún na Náisiúnta Aontaithe um Chearta an Linbh nach mór do chomhlachtaí reachtúla cearta leanaí a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go n-urramaíonn agus go gcuireann soláthraithe seirbhíse neamhreachtúla cearta leanaí i bhfeidhm de réir oibleagáidí CRC.[5]

Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 12 de CRC: "Dearbhóidh Páirtithe Stáit don leanbh a bhfuil ar a c(h)umas a t(h)uairimí féin a bhunú, an ceart na tuairimí sin a nochtadh le saoirse i ndáil le gach ní a bhaineann leis an leanbh, agus tabharfar aird chuí ar thuairimí an linbh de réir aois agus aibíocht an linbh."

Tugtar treoir i mBarúil Ghinearálta CRC 12 do pháirtithe Stáit maidir le conas Airteagal 12.[6] a chur i bhfeidhm. Sonraítear ann gurb ionann an ceart chun éisteachta agus ceann amháin de cheithre phrionsabal ghinearálta de CRC mar aon le luach bunúsach ar cheart a bhreithniú i ndáil le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm gach ceart eile. Sonraítear ann freisin: "Ordaítear le hAirteagal 12 nach leor díreach cluas éisteachta a thabhairt don leanbh; ní mór breithniú dáiríre a dhéanamh ar thuairimí an linbh nuair atá ar chumas an linbh a t(h)uairimí féin a fhorbairt."[7] Sonraítear sa Bharúil Ghinearálta seo freisin nach gá go mbeadh eolas cuimsitheach ag an leanbh ar an méid atá ag cur isteach air nó uirthi, ach gur leor tuiscint leordhóthanach ionas go mbeidh sé/sí in ann tuairim a fhorbairt.

Tá cearta sonracha a bhaineann le leanaí faoi mhíchumas sonraithe in CRPD. Ceanglaíonn Airteagal 7(3) de CRPD go gcuirtear cúnamh míchumais agus aoisoiriúnach ar fáil do leanaí faoi mhíchumas nuair a bhíonn a dtuairimí á gcur in iúl acu agus, cosúil le hAirteagal 12, sonraítear nach mór aird chuí a thabhairt orthu. Leagtar béim i mBarúil Ghinearálta 7 CRPD ar an bpointe gur cheart do pháirtithe Stáit tacú le cinnteoireacht leanaí faoi mhíchumas trí, i measc nithe eile, aon mhodh cumarsáide atá riachtanach chun a dtuairimí a chur in iúl a chur ar fáil dóibh agus iad a chumasú chun a leithéid a úsáid.[8]

Tá bonn fianaise suntasach ann ina bhfuil aird á tarraingt ar an luach a bhaineann le leanaí agus daoine óga a áireamh sa phróiseas cinnteoireachta. Bhí forbairt na Straitéise Náisiúnta Rannpháirtíochta bunaithe ar athbhreithniú beartas agus litríochta[9] a coimisiúnaíodh chun anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chuspóir 1 (guth an linbh) *Ár Leanaí – A Saol: An Straitéis*

*Náisiúnta Leanaí, 2000-2010.*[10] Tarraingíodh aird san athbhreithniú ar an bhfianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar fáil maidir leis na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht. Mar aon le feabhsuithe ginearálta do leanaí agus do dhaoine óga agus don tsochaí trí chéile, tá na héifeachtaí dearfacha le tabhairt faoi deara i seirbhísí, beartais, taighde, agus saoránacht ghníomhach freisin.

Moladh san athbhreithniú go mbunódh DCYA Mol Rannpháirtíochta mar ionad barr feabhais chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Rannpháirtíochta, agus go mbeadh béim ar leith á leagan ar leanaí agus daoine óga nach mbíonn a nguth le cloisteáil go minic. **Mol na nÓg:** Bhunaigh DCYA **Guthanna Óga i gCinnteoireacht** in 2017. Is ionann foilsiú an Chreata faoi choimirce Mhol na nÓg agus obair shuntasach i ndáil le forbairt acmhainne agus tuiscint chomhroinnte i measc gach duine atá ag obair ar mhaithe le torthaí a fheabhsú le haghaidh leanaí agus daoine óga agus a gceart chun a guth a bheith le cloisteáil i gcomhthéacs cinntí a bhfuil tionchar acu ar a saol a réadú.

# 2. Fís an Chreata: Rannpháirtíocht lena mbaineann Cuspóir

Is í an fhís atá luaite leis an gCreat rannpháirtíocht lena mbaineann cuspóir. Tá dhá fhachtóir ar leith ach idirghaolmhara i gceist le rannpháirtíocht lena mbaineann cuspóir, aidhm nó cuspóir d'eagraíochta agus an aidhm nó an cuspóir atá dírithe ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht. Is den tábhacht é nach ndírítear an iomarca ar an bpróiseas a bhaineann le rannpháirtíocht 'a dhéanamh', ach go gcinntítear gurb é an cuspóir a bhaineann le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht go mbeidh a nguth le cloisteáil i ndáil le gníomhaíochtaí nó cleachtais laethúla, nó i ndáil le forbairt tionscadal, clár, seirbhísí nó beartas a bhfuil ról lárnach acu i gcuspóirí agus i ról d'eagraíochta. Ag croílár na rannpháirtíochta lena mbaineann cuspóir tá rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht a chinntiú, agus a chinntiú go bhfuil cluas éisteachta á tabhairt dá dtuairimí, go nglactar leo go dáiríre agus go dtugtar aird chuí orthu, agus é mar aidhm a chinntiú go mbeidh tionchar ag na tuairimí seo ar an toradh nó go mbeidh siad mar bhonn le hathrú.

Tá treoir le fáil sa Seicliosta Pleanála ar leathanach 18 agus sa Seicliosta Spásanna Laethúla ar leathanach 20 maidir le conas rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chinntiú ag leibhéil dhifriúla gníomhaíochta agus ag gach céim den chinnteoireacht sna suíomhanna aghaidh ar aghaidh agus ar líne.

Éilíonn rannpháirtíocht lena mbaineann cuspóir a chur i bhfeidhm réasúnaíocht shoiléir maidir le:

- céard atá i gceist le rannpháirtíocht agus céard nach bhfuil;
- conas leanaí agus daoine óga a áireamh i gcinnteoireacht;
- conas rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic a chinntiú i gcinnteoireacht;
- conas obair leantach a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga; agus
- conas a bheith réalaíoch le leanaí.

## Céard atá i gceist le rannpháirtíocht agus céard nach bhfuil

### Céard atá i gceist

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht: "próisis leanúnacha, a áirítear iontu comhroinnt faisnéise agus plé idir leanaí agus daoine fásta ar bhonn cóimheasa, agus inar féidir le leanaí foghlaim maidir le conas a chuirtear a dtuairimí agus tuairimí na ndaoine fásta san áireamh agus conas a mhúnlaíonn siad toradh a leithéid sin de phróisis."[11] I gcleachtas, ciallaíonn sé seo gur cheart go mbeadh leanaí agus daoine óga rannpháirteach i gcinnteoireacht i spásanna agus i gcomhthéacsanna laethúla cosúil le suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige, seomraí ranga, ospidéil agus clubanna mar aon le forbairt straitéisí, cosúil le beartais, cláir, seirbhísí, reachtaíocht agus taighde.

Admhaíonn rannpháirtíocht leanaí i gcinnteoireacht a stádas mar shealbhóirí cirt agus dearbhaíonn sé gur 'saoránaigh de chuid an lae inniu iad' seachas 'saoránaigh na todhchaí'.[12] Ina Bharúil Ghinearálta maidir le Luath-Óige, tugann Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh faoi deara go bhfuil acmhainn fhorbarthach ag leanaí a bheith rannpháirteach i gcinntí a bhfuil tionchar acu orthu de réir mar atá siad ag fás agus ag dul in aibíocht, agus go bhfuil ról lárnach ag daoine fásta i leanaí a gcumasú agus a éascú ionas go mbeidh a nguth le cloisteáil.[13]

Tá saineolas ag leanaí agus ag daoine óga ar a saol féin, ach ní acu féin amháin atá an saineolas sin. Tá saineolas ar leith ag daoine fásta freisin maidir le saol leanaí agus daoine fásta, ach ní bhíonn a fhios acu i gcónaí conas a mhothaíonn leanaí, céard a shíleann siad nó céard a thaitníonn leo. Dá réir sin, tá sé tábhachtach go dtabharfadh cinnteoirí ar daoine fásta iad cluas éisteachta do leanaí agus do dhaoine óga agus go dtugann siad aird chuí ar a dtuairimí.

### Céard nach bhfuil i gceist

Baineann roinnt míthuiscintí le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, agus d'fhéadfadh cuid acu srian a chur lena rannpháirtíocht i gcinnteoireacht.

Ar mhaithe le soiléire, ní hé seo a leanas atá i gceist le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht:

- An chumhacht ar fad a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga. Is éard atá i gceist go bhfuil cinntí á ndéanamh ag daoine fásta ar bhealaí a gcuirtear leanaí agus daoine óga san áireamh ar bhonn chomh hiomlán agus is féidir.
- Glacadh leis gurb iad leanaí agus daoine óga na saineolaithe i gcomhthéacs a saol féin – tá saineolas ag daoine fásta ar shaol leanaí agus daoine óga freisin agus is é an saineolas comhroinnte seo a chuirfidh ar ár gcumas a chinntiú go mbeidh cinntí níos fearr á ndéanamh.
- Cead a thabhairt do leanaí agus daoine óga rudaí a dhéanamh atá díobhálach nó contúirteach nó a sháraíonn na cearta eile atá acu. B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach cothromaíocht a chinntiú idir ceart leanaí agus daoine óga a dtuairimí a roinnt agus a gceart chun cosanta i gcoinne díobhála. I ngach cás, tá breithniú á dhéanamh ar chinntí a dhéanamh a chuireann a leasa is fearr san áireamh. Ba cheart go mbreithneodh aon chinneadh maidir lena leasa is fearr an tionchar a bheidh aige ar a gcearta (lena n-áirítear a gceart go dtabharfaí aird chuí ar a dtuairimí) agus ba cheart tuairimí leanaí agus daoine óga a chur san áireamh.

Ní gá gurb ionann ná ní gá gurb ionann i gcónaí go gciallaíonn aird chuí a thabhairt ar thuairimí leanaí agus daoine óga go bhfaigheann nó go gcomhlíontar an méid a theastaíonn ó leanaí. Bealach éifeachtach chun aird chuí a thabhairt ar thuairimí leanaí agus daoine óga é faisnéis a roinnt leo a chabhraíonn leo seasamh soiléir a bhunú, meas agus aitheantas a léiriú don mhéid atá uathu agus an cinneadh/na cinntí is sábháilte, is réalaíche agus is fearr a phlé leo. Baineann tábhacht le trédhearcacht nuair a bhíonn an méid is féidir, an méid nach féidir, an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh agus na cúiseanna atá mar bhonn le cinntí á míniú.

## Conas leanaí agus daoine óga a áireamh i gcinnteoireacht

Már atá luaite ar leathanach 6, laistigh de chomhthéacs an róil atá acu féin, a gcuspóirí, freagrachtaí agus seirbhísí, ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil tuairimí leanaí agus daoine óga á lorg acu. Ba cheart iad a áireamh sa chinnteoireacht ó na céimeanna is túisce d'fhorbairt gach tionscnamh, ag gach leibhéal den eagraíocht agus ag gach cuid den phróiseas. Túsphointe maith é súil a chaitheamh ar phríomhról d'eagraíochta agus machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna thíos.

### 1. Céard air a bhfuilimid dírithe?

- Ranganna, seisiúin, clubanna, seirbhísí, tacaíocht, tionscadail nó cláir chleachtasbhunaithe a sholáthar
- Cláir, seirbhísí, beartais, reachtaíocht nó taighde a fhorbairt
- Scéimeanna maoinithe a fhorbairt agus a mheas
- Cuid de na samplaí thuasluaite nó gach sampla thuasluaite.

### 2. Conas is féidir linn rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chinntiú ag gach leibhéal cinnteoireachta?

Tá treoir le fáil sa Chreat seo maidir le conas is féidir leat rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chinntiú ag gach leibhéal cinnteoireachta.

- Má tá ról agus fócas cleachtasbhunaithe ag d'eagraíocht, tá sé tábhachtach go dtosófaí le scrúdú a dhéanamh ar na bealaí ar féidir rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht a chinntiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí laethúla. Úsáid an Seicliosta Spásanna Laethúla ar leathanach 20 lena chinntiú go bhfuil guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i ranganna, seisiúin, clubanna, seirbhísí, tionscadail nó gníomhaíochtaí atá á gcur ar fáil agatsa ó lá go lá.
- Tá ról agus fócas d'eagraíochta ag leibhéal cleachtais agus ag leibhéal cláir, seirbhíse, maoinithe, beartais nó forbartha taighde, cuir tús leis an obair trí úsáid a bhaint as an Seicliosta Spásanna Laethúla ar leathanach 20 lena chinntiú go bhfuil guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinnteoireacht laethúil. Lean ar aghaidh chomh fada leis an Seicliosta Pleanála ar leathanach 18 chun pleananna a dhéanamh le haghaidh rannpháirtíocht lánbhrí leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht ag na leibhéil is straitéisí de do chuid oibre.
- Má tá ról agus fócas d'eagraíochta dírithe ar chláir, seirbhísí, scéimeanna maoinithe, beartais, reachtaíocht nó taighde a fhorbairt, úsáid an Seicliosta Pleanála ar leathanach 18 lena chinntiú go bhfuil guth lánbhrí ag leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht sna forbairtí straitéiseacha seo.
- Má chuimsítear i ról agus fócas d'eagraíochta na cuspóirí thuasluaite ar fad, úsáid an Seicliosta Spásanna Laethúla ar leathanach 20 agus an Seicliosta Pleanála ar leathanach 18 chun pleananna a dhéanamh le haghaidh rannpháirtíocht lánbhrí leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht ag gach leibhéal de do chuid oibre.

## Treoir maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht ag leibhéil dhifriúla laistigh d'eagraíochtaí

### Suíomhanna fhoghlaim, chúram agus oideachas na luath-óige

- Ag leibhéal seisiúin – ba cheart go mbeadh guth gach linbh le cloisteáil i gcinnteoireacht nuair a bhíonn gníomhaíochtaí foghlama laethúla á roghnú, fócas agus nádúr na ngníomhaíochtaí seo agus conas is mian leis an leanbh a bheith rannpháirteach.
- Ag leibhéal seirbhíse – ba cheart go mbeadh guth leanaí le cloisteáil i ndáil le cinnteoireacht maidir le conas atá an tseirbhís á reáchtáil.

### Scoileanna

- Ag leibhéal seomra ranga – ba cheart go mbeadh guth gach leanbh agus duine óige le cloisteáil i gcinnteoireacht a bhaineann le cur chuige maidir le gníomhaíochtaí foghlama agus gníomhaíochtaí eile sa seomra ranga.
- Ag leibhéal scoile – ba cheart go mbeadh guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinnteoireacht a bhaineann le reáchtáil na scoile, beartais scoile agus rialachas scoile. Bealach amháin lena chinntiú go bhfuil an guth sin á chloisteáil é tairbhe a bhaint as comhairlí daltaí.

### Seirbhísí don aos óg

- Ag leibhéal club agus tionscadail – ba cheart go mbeadh guth gach linbh agus duine óig le cloisteáil i gcinnteoireacht maidir le gníomhaíochtaí laethúla agus modhanna rannpháirtíochta sa chlub nó sa tionscadal.
- Ag leibhéal eagraíochtúil – ba cheart go mbeadh guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcláir, pleananna, beartais agus imeachtaí eagraíochtúla agus i ndáil le rialachas na heagraíochta chomh maith. Sásra amháin lena chinntiú go bhfuil an guth seo á chloisteáil é struchtúir cosúil le painéil óige nó grúpaí comhairleacha óige.

### Spóirt

- Ag leibhéal cleachtais – ba cheart go mbeadh guth gach linbh agus duine óig atá ag glacadh páirte i seisiún, rang nó club le cloisteáil i ndáil le bealaí lena chinntiú go bhfuil an rannpháirtíocht tairbheach agus dearfach.
- Ag leibhéal eagraíochtúil – ba cheart go mbeadh guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinnteoireacht a bhaineann le forbairt clár, tionscadal, beartas, scéimeanna maoinithe agus pleananna straitéiseacha.

### Cláir chruthaitheacha agus ealaíonta

- Ag leibhéal cleachtais – ba cheart go mbeadh guth gach linbh agus duine óig i seisiún, rang nó club le cloisteáil i gcinnteoireacht a bhaineann leis na cineálacha clár ba mhaith leo, coimeád na gclár sin agus a rannpháirtíocht nó idirghníomhaíocht i gcomhthéacs na gclár sin.
- Ag leibhéal eagraíochtúil – ba cheart go mbeadh guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinnteoireacht a bhaineann le forbairt clár, tionscadal, beartas, scéimeanna maoinithe agus pleananna straitéiseacha.

### Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí stáit, ospidéil agus eagraíochtaí eile a fhorbraíonn agus/nó a sholáthraíonn seirbhísí le haghaidh leanaí agus daoine óga

- Ag leibhéal cleachtais nó seirbhíse – ba cheart go mbeadh guth gach linbh agus duine óig le cloisteáil i gcinnteoireacht a bhaineann leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil dóibh.
- Ag leibhéal roinne nó eagraíochtúil – ba cheart go mbeadh guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinnteoireacht a bhaineann le seirbhísí, cláir, scéimeanna maoinithe, beartais, reachtaíocht agus taighde.

## Struchtúir bhuana le haghaidh rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht (comhairlí leanaí agus óige, comhairlí daltaí, etc.)

Tá struchtúir bhuana bunaithe ag níos mó eagraíochtaí agus comhlachtaí anois chun guth a thabhairt do leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht, cosúil le comhairlí leanaí agus óige, painéil tagartha, comhairlí daltaí agus coistí óige. D'fhéadfadh a leithéid de struchtúir a bheith an-éifeachtach agus tá fianaise shuntasach ann chun tacú le tionchar dearfach rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht i bparlaimintí leanaí, comhairlí leanaí, clubanna leanaí, comhdhálacha agus struchtúir eile.[14]

Tá líon beag fachtóirí tábhachtacha nach mór a bhreithniú, áfach, i ndáil le struchtúir bhuana rannpháirtíochta:

- Roimh, nó comhthreomhar le, struchtúr rannpháirtíochta buan a bhunú, ba cheart súil a chaitheamh ar na bealaí nó spásanna laethúla a úsáideann leanaí agus daoine óga chun rannpháirtíocht a dhéanamh le d'eagraíocht agus cuir chuige agus sásraí a bhunú atá deartha lena chinntiú go bhfuil a nguth le cloisteáil i gcinnteoireacht.
- Níor cheart riamh gurb iad struchtúir bhuana an t-aon bhealach atá ag eagraíochtaí chun ceart leanaí agus daoine óga chun rannpháirtíochta i gcinnteoireacht a chinntiú. Tá sé riachtanach úsáid a bhaint as cuir chuige éagsúla chun éisteacht le agus deis rannpháirtíochta a thabhairt dóibh i gcinnteoireacht, agus béim ar leith a leagan orthu siúd nach mbíonn a nguth le cloisteáil go minic.
- Ní hiad struchtúir bhuana an bealach is éifeachtaí chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht a chinntiú i gcónaí. Ba cheart treoir a lorg lena chinntiú go bhfuil an cur chuige chun a rannpháirtíocht a chinntiú sa chinnteoireacht ag teacht le cuspóir na rannpháirtíochta sin.

## Grúpaí comhairleacha tionscadalbhunaithe leanaí agus daoine óga

Is bealach éifeachtach é grúpaí comhairleacha tionscadalbhunaithe chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht a chinntiú. Bunaítear a leithéid seo de ghrúpa chun comhoibriú le cinnteoirí i rith thréimhse tionscadail, cláir nó comhairliúcháin agus:

- is bealach úsáideach iad chun rannpháirtíocht dhíreach leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht a chinntiú i gcásanna nach féidir rannpháirtíocht gach leanbh nó duine óg i bpobal, club, scoil, tionscadal, eagraíocht, seirbhís nó clár a chinntiú; ina gcuimsítear idir 6 agus 12 leanbh agus/nó dhuine óg;
- gearrthéarmach go minic.

Ní mór a chinntiú go ndéanann grúpaí comhairleacha cúrsaí a phlé le leanaí agus daoine óga eile i bpobal, scoil, tionscadal nó tionscnamh eile. Is féidir é sin a chinntiú ar na bealaí seo a leanas:

- comhoibriú le cinnteoirí chun comhairliúchán nó píosa taighde a phleanáil agus a reáchtáil ar bhonn píolótach a chuirfear i gcrích le cohórt níos leithne leanaí nó daoine óga;
- suirbhéanna a fhorbairt a bheidh á rolladh amach le haghaidh gach leanbh i scoil, pobal, eagraíocht nó le haghaidh leanaí agus daoine óga ag leibhéal náisiúnta;
- obair a dhéanamh ar thuarascálacha, póstaeir, acmhainní ar líne agus aschuir eile atá oiriúnach do leanaí agus daoine óga atá le roinnt le grúpaí leanaí agus daoine óga níos leithne.

Áirítear i measc na mbuntáistí a bhaineann le grúpaí comhairleacha tionscadalbhunaithe:

- rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a bhfuil tionchar ag deacracht, míchumas nó staid chinnteoireachta ar leith orthu;
- deis a thabhairt do leanaí agus daoine óga a bheith páirteach i gcinnteoireacht bunaithe ar a spéis féin i gcaitheamh aimsire, gníomhaíocht, tionscadal nó tionscnamh ar leith;
- a chur ar chumas eagraíochtaí raon leathan leanaí agus daoine óga á áireamh i dtionscadail dhifriúla le himeacht ama;
- deis a thairiscint do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht thar thréimhse réasúnta gearr ama, gan gá a bheith le gealltanas a thabhairt maidir le struchtúr fadtéarmach nó struchtúr lena mbaineann téarmaí tagartha leathana.

## Conas rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic a chinntiú i gcinnteoireacht

Tá grúpaí leanaí agus daoine óga ann a mbíonn deacrachtaí ag eagraíochtaí iad a áireamh i gcinnteoireacht. Ina measc tá leanaí agus daoine óga LGBTI+, iad siúd faoi mhíchumas, iad siúd a bhaineann le mionlaigh eitneacha, leanaí agus daoine óga de phobal an Lucht Siúil agus na Romach, agus cúramóirí óga. I measc na mbacainní ar rannpháirtíocht na ngrúpaí seo i gcinnteoireacht a chinntiú tá bacainní teanga, bacainní rochtana (lena n-áirítear rochtain dhigiteach), bacainní cumarsáide agus bacainní cultúrtha.[15]

Ó thús na céime pleanála, b'fhéidir go mbeadh ar eagraíochtaí bacainní a shainaithint a mbíonn ar leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic déileáil leo agus céimeanna a chur i gcrích chun na bacainní ar a rannpháirtíocht i gcinnteoireacht a bhaint. Ba cheart tacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn a leithéid uathu. Tá treoir agus comhairle phraiticiúil maidir le rannpháirtíocht éifeachtach leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic i gcinnteoireacht foilsithe ag DCYA.[16]

## Conas obair leantach a dhéanamh maidir le tuairimí leanaí agus daoine óga agus aiseolas a thabhairt dóibh

B’fhéidir go dtógfadh sé cúpla mí nó blianta fiú beartas, pleananna straitéiseacha, seirbhísí, reachtaíocht agus taighde a fhorbairt. Cruthaíonn an fachtóir seo dúshlán nuair a bhíonn leanaí agus daoine óga rannpháirteach i gcinnteoireacht mar go bhfásann siad suas agus go leanann siad ar aghaidh lena saol. Ní mór do chinnteoirí a bheith ionraic faoi seo agus a mhíniú do leanaí agus do dhaoine óga go mb’fhéidir nach dtarlóidh rud ar bith go ceann tamaill a bheidh mar bhonn le hathrú bunaithe ar a dtuairimí. Ar an láimh eile, b’fhéidir go mbeadh forbairtí a tharlaíonn gan choinne, cosúil le Covid-19, mar bhonn le cinnteoireacht a dhéanamh go tapa, ach baineann dúshláin leis sin freisin. I gcásanna den sórt sin, is den tábhacht é nach gcuirtear leanaí agus daoine óga as an áireamh agus go n-aimsítear bealaí chun cúrsaí a phlé leo ar líne mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

Tá sé ríthábhachtach súil a choinneáil ar an méid a dhéantar i ndáil le tuairimí leanaí agus daoine óga mar chuid den phróiseas a bhaineann le cinntí críochnaitheacha a dhéanamh. Tá dualgas ar chinnteoirí a léiriú do shealbhóirí cirt (leanaí agus daoine óga) conas atá aird chuí tugtha dá dtuairimí. D’fhonn na n-oibleagáidí seo a chomhlíonadh, moltar do ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí Stáit duine a cheapadh chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar conas atá na tuairimí atá curtha in iúl ag leanaí agus daoine óga curtha san áireamh i ngrúpaí beartais, cleachtais agus feidhmithe, agus a chinntiú go bhfuil aiseolas á chur ar fáil dóibh i rith an phróisis.

Molann Lundy tairbhe a bhaint as próiseas aiseolais na gceithre ‘F’ le haghaidh comhairliúchán nó próisis chinnteoireachta comhchoiteanna le leanaí agus daoine óga.[17]

- **Iomlán [Full]:** Aiseolas cuimsitheach a thabhairt do leanaí agus daoine óga ina ndéantar cur síos ar na tuairimí dá gcuid ar glacadh leo, na tuairimí nár glacadh leo agus na cúiseanna a bhí leis na cinntí sin. Chomh maith leis sin, ba cheart go dtabharfaí aird san aiseolas ar cé atá freagrach as a dtuairimí a chur i bhfeidhm agus céard iad na chéad chéimeanna eile.
- **Cairdiúil [Friendly]:** Ba cheart go mbeadh aiseolas nó freagairtí atá á dtabhairt ag cinnteoirí do leanaí agus daoine óga i bhformáid agus i dteanga a thuigeann siad. Ní mór go mbeadh eolas acu maidir le torthaí comhairliúcháin nó suirbhé agus conas a tugadh aird chuí ar a dtuairimí.
- **Tapa [Fast]:** Fásann leanaí agus daoine óga aníos go tapa agus ligeann siad gnéithe áirithe den saol i ndearmad, rud a chiallaíonn nach mór do chinnteoirí aiseolas a thabhairt dóibh chun aitheantas a thabhairt dóibh, cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an tús agus eolas maidir leis na chéad chéimeanna eile a roinnt leo a luaithe agus is féidir. Baineann sé seo le gach céim agus le gach forbairt.
- **Obair leantach [Followed-up]:** Ní mór do chinnteoirí aiseolas agus faisnéis leanúnach a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga i rith phróiseas an bheartais i rith an phróisis chinnteoireachta.

## A bheith réalaíoch le leanaí agus daoine óga

Tá freagracht ar dhaoine fásta comhairle a chur ar leanaí agus daoine óga maidir le bealaí éifeachtacha chun a bheith réalaíoch maidir lena n-ionchais. Tá sé tábhachtach go mbíonn daoine fásta ionraic maidir lena leibhéal údaráis féin agus go scrúdaíonn siad bealaí chun cúrsaí a phlé le cinnteoirí a bhfuil níos mó údaráis nó cumhachta acu chun athruithe a dhéanamh.

Ní fhaigheann leanaí agus daoine óga na torthaí a mbíonn súil acu leo i gcónaí. Tá samplaí dearfacha ann, áfach, de dhaoine óga i gComhairle na nÓg ag baint úsáide as an gcumhacht atá acu chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun tionchar a imirt i ndiaidh teip ar an gcéad iarracht.[18] D'fhéadfadh go mbeadh ról lárnach ag daoine fásta i leanaí agus daoine óga a spreagadh leanúint lena gcuid oibre trí chabhrú leo bealaí eile a aimsiú chun a nguth a chloisteáil atá oscailte do bhealach nua smaointeoireachta agus do smaointe nua i suíomhanna aghaidh ar aghaidh agus ar líne. Chomh maith leis sin, is féidir le daoine fásta cabhrú le leanaí agus le daoine fásta trí chomhpháirtithe a aimsiú, gréasáin a bhunú, tionscadail a chomhordú agus a chinntiú go bhfuil socruithe eagraíochtúla bunaithe.[19] Ainneoin go bhféadfadh leanaí agus daoine óga a bheith ina n-abhcóidí cumhachtacha agus éifeachtacha dá gcearta féin, ciallaíonn a n-óige agus a stádas atá ar bheagán cumhachta nach féidir leo tabhairt faoin ról seo ach amháin nuair a éascaíonn daoine fásta an próiseas.[20]

# 3. Prionsabail Uileghabhálacha

Molann an Coiste um Chearta an Linbh go mbeadh naoi bpríomhcheanglas nó prionsabal á gcomhtháthú ag páirtithe Stáit i ngach beart reachtach agus gach beart eile le haghaidh chur i bhfeidhm Airteagal 12 CRC.[21] Tá na prionsabail sin ag tacú leis an gCreat, ina moltar nach mór go mbeadh na próisis ar fad ina bhfuil cluas éisteachta á tabhairt do leanaí, ina bhfuil siad le cloisteáil agus ina bhfuil siad rannpháirteach (go pearsanta nó ar líne):

- **Trédhearcach agus eolasach –** ní mór faisnéis iomlán, inrochtana, íogair ó thaobh na héagsúlachta de agus aoisoiriúnach a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. Ní mór eolas a roinnt leo maidir lena gceart a dtuairimí a chur in iúl gan bhac, a gceart aird chuí a thabhairt ar a dtuairimí, agus conas a reáchtálfar a rannpháirtíocht, a scóip, aidhm agus tionchar féideartha.
- **Deonach –** níor cheart iallach a chur ar leanaí agus daoine óga riamh a dtuairimí a chur in iúl mura mian leo, agus ba cheart a chur in iúl dóibh gur féidir leo deireadh a chur lena rannpháirtíocht am ar bith.
- **Measúil –** ba cheart deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga smaointe agus gníomhaíochtaí a thionscnamh, agus ba cheart caitheamh go measúil lena dtuairimí. Ní mór go dtuigfeadh daoine fásta comhthéacs socheacnamaíoch, comhshaoil agus cultúrtha a saol.
- **Ábhartha –** ní mór go mbeadh na ceisteanna a n-iarrtar ar leanaí agus daoine óga a dtuairimí maidir leo a chur in iúl ábhartha dá saol, agus go mbeadh ar a gcumas tairbhe a bhaint as a gcuid eolais, scileanna agus cumas. Ba cheart go n-iarrfaí orthu déileáil le ceisteanna atá ábhartha agus tábhachtach dar leo féin.
- **Oiriúnach do leanaí –** ba cheart gach timpeallacht agus modh oibre a chur in oiriúint do chumas leanaí agus daoine óga. Ní mór go mbeadh acmhainní ar fáil lena chinntiú go bhfuil siad ullmhaithe mar ba cheart agus go mbeadh dóthain muiníne agus deiseanna acu chun a dtuairimí a chur in iúl. Tá gá le leibhéil dhifriúla tacaíochta agus cineálacha difriúla rannpháirtíochta (de réir aoise agus cumas athraitheach).
- **Ionchuimsitheach (neamh-idirdhealaitheach) –** ní mór go mbeadh rannpháirtíocht ionchuimsitheach, ba cheart patrúin idirdhealaithe a sheachaint, agus ba cheart a chinntiú go bhfuil deiseanna á soláthar do leanaí imeallaithe. Ní mór breithniú a dhéanamh ar a chinntiú go mbaineann leanaí tairbhe as rochtain chomhionann ar na timpeallachtaí digiteacha atá riachtanach le haghaidh rannpháirtíocht ar líne. Ní grúpa aonchineálach iad leanaí agus daoine óga – tá sé riachtanach comhdheis a thabhairt do gach duine laistigh den ghrúpa sin, ionas go gcloistear gach guth. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil gach clár cultúr-íogair agus saor ó idirdhealú.
- **Tacaíocht ó Oiliúint –** teastaíonn ullmhúchán agus tacaíocht ó dhaoine fásta chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a éascú. Cuimsítear anseo éisteacht, comhoibriú éifeachtach agus a bheith in ann déileáil le cumas athraitheach leanaí.
- **Sábháilte agus íogair i ndáil le riosca –** i gcásanna áirithe, d'fhéadfaí riosca a chruthú do leanaí agus daoine óga a chuireann a dtuairimí in iúl. Ní mór do dhaoine fásta gach réamhchúram a dhéanamh chun an riosca a bhaineann le foréigean, dúshaothrú nó aon iarmhairt dhiúltach eile a bhaineann le rannpháirtíocht a íoslaghdú. Cuimsítear anseo straitéis shoiléir cosanta leanaí a fhorbairt, a aithnítear ann na rioscaí áirithe a mbíonn ar ghrúpaí áirithe déileáil leo agus na bacainní breise a mbíonn orthu déileáil leo. Ba cheart go dtabharfaí aird ar leith freisin ar na rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht dhigiteach má tá leanaí i mbun rannpháirtíochta ar líne. Ní mór go mbeadh leanaí agus daoine óga airdeallach ar an gceart atá acu chun cosanta ó dhíobháil agus go mbeadh a fhios acu cá háit is féidir leo cúnamh a fháil. Tá infheistíocht in obair le teaghlaigh agus le pobail tábhachtach chun tuiscint a fhorbairt maidir le luach agus impleachtaí na rannpháirtíochta, agus chun na rioscaí a laghdú.
- **Cuntasacht –** tá obair leantach agus meastóireacht riachtanach. Áirítear anseo leanaí agus daoine óga a chur ar an eolas maidir le conas atá a gcuid tuairimí á léirmhíniú agus á n-úsáid agus, más gá, deis a thabhairt dóibh an anailís ar na torthaí a cheistiú agus a tionchar a imirt ar an anailís sin. Tá aiseolas maidir leis an tionchar a bhí ag a rannpháirtíocht ar aon torthaí riachtanach. Ba cheart go ndéanfaí monatóireacht agus meastóireacht ar rannpháirtíocht, i dteannta leis na leanaí agus daoine óga más féidir.

# 4. Tús Áite a thabhairt do Dhearcthaí Leanaí agus Daoine Óga


Ceann de na prionsabail is tábhachtaí atá ag tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht é an tábhacht a bhaineann le deis a thabhairt dóibh a gcuid tuairimí féin a roinnt gan deis a bheith ag daoine fásta dul i bhfeidhm orthu go míchuí. Tá roinnt comhairle phraiticiúil d'eagraíochtaí maidir leis an bprionsabal seo le fáil thíos.

- Lorg smaointeoireacht chruthaitheach leanaí agus daoine óga seachas a bheith ag iarraidh orthu freagairt do cheisteanna a bhfuil cinneadh déanta ag daoine fásta ina leith.
- Seachain tuairimí páirtithe leasmhara eile a roinnt nó faisnéis a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a modh smaointeoireachta.
- Bain úsáid as cur chuige atá bunaithe ar láidreachtaí a thosaíonn le heispéireas agus tuiscint na leanaí agus na ndaoine óga féin.
- Tabhair deis do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach i bhforbairt modhanna atá aoisoiriúnach, tarraingteach agus inrochtana do leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas. Cinntigh go bhfuil rogha acu i ndáil le bealaí chun iad féin a chur in iúl ar bhonn pearsanta agus ar líne.
- Bain úsáid as ceisteanna comhairliúcháin oscailte nó suirbhéanna ar furasta iad a thuiscint. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh ceisteanna comhairliúcháin á ndearadh ag grúpa comhairleach leanaí agus daoine óga agus / nó á reáchtáil ar bhonn píolótach le leanaí agus daoine óga roimh ré.
- Seachain léirmhínithe daoine fásta a bhrú ar thuairimí leanaí agus daoine óga nuair a bhíonn a dtuairimí á lorg.
- Doiciméadaigh nó tuairiscigh maidir le tuairimí leanaí agus daoine óga ar bhealach a sheachnaíonn léirmhíniú daoine fásta.

Soláthraítear sa Seicliosta Pleanála ar leathanach 18 treoir chuimsitheach do chinnteoirí maidir le conas rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht agus i bhforbairt beartas, pleananna, seirbhísí, rialachais, taighde agus reachtaíochta ag leibhéal náisiúnta, áitiúil agus eagraíochta a phleanáil, a reáchtáil agus a mheas.

## 5. Samhail Rannpháirtíochta

Tá samhail rannpháirtíochta ceartbhunaithe atá forbartha ag an Ollamh Laura Lundy mar bhonn leis an Straitéis Náisiúnta Reachtaíochta.[22] I gcomhar leis an Ollamh Lundy, forbraíodh leagan athbhreithnithe den tsamhail don Chreat. Soláthraítear treoir ann do chinnteoirí maidir leis na céimeanna ba cheart a chur i gcrích chun guth lánbhrí i gcinnteoireacht a thabhairt do leanaí.



## Bealaí ar féidir le leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht

Is féidir le leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht ar thrí bhealach éagsúla:

- Comhairleach
- Comhoibriú
- Á stiúradh ag leanaí/daoine óga.[23]

De réir Lansdown, níor cheart glacadh leis na modhanna nó bealaí rannpháirtíochta mar ordlathas. B'fhéidir go mbeadh na trí mhód oiriúnach i gcomhthéacsanna difriúla, ar an gcoinníoll go bhfuil siad bunaithe ar chearta agus go bhfuil eilimintí Lundy á gcomhlíonadh – spás, guth, pobal agus tionchar. I gcleachtas, úsáideann go leor tionscadal nó clár rannpháirtíochta leanaí/óige na trí mhód rannpháirtíochta. Dá réir sin, mar shampla, d'fhéadfaí tús a chur leis trí dheis a thabhairt do dhaoine fásta dul i gcomhairle le daoine óga, agus ina dhiaidh sin deis a thabhairt do dhaoine fásta agus do dhaoine óga oibriú le chéile ar roinnt gnéithe agus deis a thabhairt do dhaoine óga gnéithe eile a stiúradh leo féin.

Tá fianaise le fáil sna samplaí dea-chleachtais in Aguisín 2 den Chreat ar úsáid a bheith á baint as tionscadail, tionscnaimh agus cruinnithe comhairleacha, comhoibritheacha agus á stiúradh ag leanaí/daoine óga.

# 6. Seicliostaí an Chreata agus Foirmeacha Aiseolais

## Seicliostaí an Chreata

Soláthraíonn trí sheicliosta creata agus sraith Foirmeacha Aiseolais Leanaí agus Daoine Óga bealach simplí ach struchtúrtha chun cinnteoirí a threorú i ndáil le húsáid shamhail Lundy agus prionsabal dea-chleachtais. Tacaíonn na huirlisí seo le heagraíochtaí le pleanáil éifeachtach, le reáchtáil agus le meastóireacht próiseas agus tionscnamh rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga (aghaidh ar aghaidh agus ar líne) agus deis a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a chinntiú go bhfuil a nguth le cloisteáil i gcinnteoireacht i ngnáthspásanna nó gnáthshuíomhanna.

- Soláthraítear sa Seicliosta Pleanála (leathanach 18) treoir do ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí maidir le héisteacht le leanaí agus daoine óga agus deis rannpháirtíochta i gcinnteoireacht a bhaineann le forbairt beartas, pleananna, seirbhísí, clár, rialachais, taighde agus reachtaíochta ag leibhéal náisiúnta, áitiúil agus eagraíochta.
- Is uirlis le haghaidh féinmheastóireachta agus meastóireachta seachtraí é an Seicliosta Meastóireachta (leathanach 19) atá le húsáid ag ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí i ndiaidh beartas, pleananna, seirbhísí, clár, rialachas, taighde agus reachtaíocht a chur i gcrích.
- Soláthraítear treoir i Seicliosta na Spásanna Laethúla (leathanach 20) do mhúinteoirí, cleachtóirí luathbhlianta, oibrithe sóisialta, oibrithe óige, oibrithe deonacha club óige, cóitseálaithe spóirt agus daoine fásta eile maidir le héisteacht le leanaí agus daoine óga agus guth a thabhairt dóibh i gcinnteoireacht i spásanna nó suíomhanna laethúla, go pearsanta agus ar líne. Níor cheart an seicliosta seo a úsáid chun beartais, pleananna, seirbhísí, cláir, rialachas, taighde agus reachtaíocht a fhorbairt. Le haghaidh na bhforbairtí seo, úsáid an Seicliosta Pleanála ar leathanach 18.
- Cuireann na Foirmeacha Aiseolais do Leanaí agus do Dhaoine Óga le haghaidh grúpaí ar chumas leanaí agus daoine óga meastóireacht a dhéanamh ar chomhairliúcháin, cruinnithe, imeachtaí, suirbhéanna agus gníomhaíochtaí nó tionscadail eile ag a n-iarrtar orthu a dtuairimí a thabhairt a mheas aghaidh ar aghaidh (leathanach 21) agus ar líne (leathanach 22). Ba cheart na foirmeacha seo a chomhlánú ag deireadh cruinnithe, imeachtaí nó gníomhaíochtaí.
- Cuireann an Fhoirm Aiseolais do Leanaí agus do Dhaoine Óga le haghaidh daoine aonair (leathanach 23) ar chumas leanaí agus daoine óga aonair meastóireacht a dhéanamh ar chruinnithe agus ar rannpháirtíochtaí eile le cinnteoirí fásta go pearsanta nó ar líne.

# Seicliosta Pleanála

**Soláthraítear sa seicliosta seo treoir maidir le conas éisteacht le leanaí agus daoine óga agus deis rannpháirtíochta i gcinnteoireacht a thabhairt dóibh nuair a bhíonn beartais, pleananna, seirbhísí, cláir, rialachas, taighde agus reachtaíocht á bhforbairt ag leibhéal náisiúnta, áitiúil agus eagraíochta.**

**Ba cheart duit a chur in iúl do leanaí agus daoine óga go bhfuil an ceart chun gutha acu i gcinnteoireacht agus go ndéileálfaidh tú go dáiríre lena dtuairimí.**

## SPÁS

- Conas a chinnteoidh tú go mbeidh leanaí agus daoine óga rannpháirteach chomh luath agus is féidir?
- Conas a leanfar lena rannpháirtíocht a chinntiú?
- Conas a bheidh daoine a raibh tionchar díreach ag an ábhar orthu, nó a bhféadfadh tionchar díreach a bheith ag an ábhar orthu, rannpháirteach?
- Céard iad na céimeanna a nglacfar lena chinntiú go bhfuil an próiseas ionchuim-sitheach agus inrochtana?
- Conas a thacófar leo lena chinntiú go mbeidh siad sábháilte agus ar a gcompord nuair a bheidh a dtuairimí á gcur in iúl acu?
- Cén tacaíocht a sholáthrófar dóibh siúd a éiríonn imníoch, corraithe nó míchompordach?

## GUTH

- An bhfuil liosta soiléir topaicí bunaithe agat ar mian leat tuairimí leanaí agus daoine óga maidir leo a chloisteáil?
- Conas a chinnteoidh tú go mbeidh príomhfhoinse béime an phróisis ag díriú ar na topaicí atá sainaitheanta agat i rith an phróisis ar fad?
- Conas a bheidh a fhios acu go bhfuil an rannpháirtíocht á déanamh ar bhonn deonach agus gur féidir leo éirigh as an bpróiseas am ar bith?
- Conas a thacóidh tú leo a gcuid tuairimí féin a roinnt, agus faisnéis aoisoiriúnach agus inrochtana a roinnt leo ag an am céanna?
- Conas a chinnteoidh tú go mbíonn rogha bealaí acu chun iad féin a chur in iúl a oireann dá gcuid riachtanas agus roghanna?
- Conas a cheadóidh an próiseas dóibh topaicí a shainaithint ar mian leo iad a phlé?

## TIONCHAR

- Conas a roinnfear eolas le leanaí agus daoine óga faoin scóip atá acu (na srianta san áireamh) tionchar a imirt ar chinnteoireacht?
- Conas a thabharfar aiseolas aoisoiriúnach agus inrochtana dóibh ag príomhphointí nuair a bheidh seirbhís nó beartas á fhorbairt?
- Céard iad na pleananna atá agat lena chinntiú go mbíonn tionchar ag tuairimí leanaí agus daoine óga ar chinntí?
- Conas a thabharfar aiseolas aoisoiriúnach agus inrochtana dóibh ina míneofar an úsáid atá á baint as a dtuairimí agus na cúiseanna a bhí leis na cinntí a rinneadh, ar bhonn tráthúil?
- Conas a chinnteoidh tú go dtugtar deiseanna dóibh an próiseas a mheas go leanúnach?

## POBAL

- Conas a bheidh a fhios ag leanaí agus daoine óga cé a chuirfear ar an eolas faoina gcuid tuairimí, conas agus cathain?
- Conas a léireoidh tú do thiomantas maidir lena dtuairimí a chur san áireamh agus ligean do na tuairimí sin tionchar a imirt ort?
- Conas a shainaithneoidh agus a thabharfaidh tú deis rannpháirtíochta do chinnteoirí ábhartha (iad siúd atá freagrach as athrú)?
- Cathain a chuirfear tuairisc/taifead agus achoimre oiriúnach do pháistí nó daoine óga i dtoll a chéile?
- Conas a chinnteoidh tú go dtugtar deis dóibh a dheimhniú go bhfuil a gcuid tuairimí á dtaifeadadh go cruinn?
- Céard iad na pleananna atá bunaithe chun tacú leo ról a imirt ina gcuid tuairimí féin a chur in iúl?

**Sula gcuireann tú tús le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht, athbhreithnigh na fachtóirí cumasúcháin ar leathanach 24.**

# Seicliosta Meastóireachta

**Is treoir atá sa seicliosta seo le haghaidh féinmheastóireacht agus meastóireacht sheachtrach beartas, pleananna, seirbhísí, clár, rialachais, taighde agus reachtaíocht ag leibhéal náisiúnta, áitiúil agus eagraíochtúil.**

## SPÁS

- Conas a chinntigh tú go raibh leanaí agus daoine óga rannpháirteach chomh luath agus is féidir?
- Conas a leanadh lena rannpháirtíocht a chinntiú?
- Conas a dhéileáil na leanaí agus daoine óga le topaicí a raibh tionchar díreach acu orthu?
- Céard iad na céimeanna ar glacadh lena chinntiú go raibh an próiseas ionchuimsitheach agus inrochtana?
- Conas a tacaíodh leo lena chinntiú go mbeidh siad sábháilte agus ar a gcompord nuair a bheidh a dtuairimí á gcur in iúl acu?
- Cén tacaíocht a soláthraíodh dóibh siúd a bhí imníoch, corraithe nó míchompordach?

## GUTH

- An ndearna tú liosta soiléir topaicí ar mian leat tuairimí leanaí agus daoine óga maidir leo a chloisteáil?
- Conas a chinntigh tú go mbeidh príomhfhoinse béime an phróisis ag díriú ar na topaicí atá sainaitheanta agat?
- Conas a raibh a fhios acu go bhfuil an rannpháirtíocht á déanamh ar bhonn deonach agus gurbh fhéidir leo éirigh as an bpróiseas am ar bith?
- Conas a thacaigh tú leo a gcuid tuairimí féin a roinnt, agus faisnéis aoisoiriúnach agus inrochtana a roinnt leo ag an am céanna?
- Conas a chinntigh tú go mbíonn rogha bealaí acu chun iad féin a chur in iúl a bhí oiriúnach dá gcuid riachtanas agus roghanna?
- Conas a cheadaigh an próiseas dóibh topaicí a shainaithint ar mian leo iad a phlé?

## TIONCHAR

- Conas a roinneadh eolas le leanaí agus daoine óga faoin scóip atá acu (na srianta san áireamh) tionchar a imirt ar chinnteoireacht?
- Conas a tugadh aiseolas aoisoiriúnach agus inrochtana dóibh ag príomhphointí nuair a bhí seirbhís nó beartas á fhorbairt?
- Céard a rinneadh lena gcuid tuairimí?
- Conas a tugadh aiseolas aoisoiriúnach agus inrochtana dóibh inar míníodh an úsáid atá á baint as a dtuairimí agus na cúiseanna a bhí leis na cinntí a rinneadh, ar bhonn tráthúil?
- Conas a chinntigh tú gur tugadh deiseanna dóibh an próiseas a mheas go leanúnach?

## POBAL


- Conas a raibh a fhios ag leanaí agus daoine óga cé a chuirfear ar an eolas faoina gcuid tuairimí, conas agus cathain?
- Conas a léirigh tú do thiomantas maidir lena dtuairimí a chur san áireamh agus ligean do na tuairimí sin tionchar a imirt ort?
- Conas a shainaithin agus a thug tú deis rannpháirtíochta do chinnteoirí (daoine atá freagrach as tionchar a imirt ar athrú)?
- Conas agus cathain a cuireadh tuairisc/taifead agus achoimre oiriúnach do pháistí nó daoine óga i dtoll a chéile?
- Conas a chinntigh tú gur tugadh deis dóibh a dheimhniú go bhfuil a gcuid tuairimí á dtaifeadadh go cruinn?
- Céard iad na pleananna a bunaíodh chun tacú le leanaí agus daoine óga ról a imirt ina gcuid tuairimí féin a chur in iúl?

# Seicliosta Spásanna Laethúla

**Is treoir é an seicliosta seo chun cabhrú leat a chinntiú go bhfuil guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinnteoireacht. Is féidir é a úsáid in a lán comhthéacsanna laethúla i seomraí ranga, suíomhanna cúraim leanaí, agus clubanna óige agus spóirt, agus i ndáil le gníomhaíochtaí atá á reáchtáil mar chuid de thionscadail óige, cluichí, tionscnaimh ealaíne agus chruthaitheacha.**

**Ná húsáid an seicliosta seo chun beartais, pleananna, seirbhísí, cláir, rialachas, taighde agus reachtaíocht a fhorbairt – bain úsáid as an Seicliosta Pleanála ar leathanach 18.**

**Cinntigh go bhfuil na bealaí a dtugann tú deis rannpháirtíochta do leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht aoisoiriúnach agus inrochtana do chách, cibé acu más go pearsanta nó ar líne atá an rannpháirtíocht á déanamh.**



# Foirm Aiseolais Leanaí agus Daoine Óga
## (do ghrúpaí)

**Buachaill** ☐ **Cailín** ☐ **Eile** ☐ **Níl a fhios agam** ☐ **Aois** ____

**Cuir tic taobh leis an líon réaltaí ba cheart duit a thabhairt do gach rud thíos. Is é cúig réalta an rátáil is airde.**

| SPÁS | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tugadh cluas éisteachta dom ón tús | | | | | |
| Bhí mé ar mo chompord nuair a bhí mo thuairimí á roinnt agam | | | | | |
| Mhothaigh mé sábháilte nuair a bhí mo thuairimí á roinnt agam | | | | | |
| Cuireadh go leor guthanna éagsúla san áireamh | | | | | |

| GUTH | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tugadh deis dom mo thuairimí a roinnt | | | | | |
| Cuireadh dóthain faisnéise ar fáil dom chun cabhrú liom mo thuairim a roinnt | | | | | |
| Cuireadh tacaíocht ar fáil dom lena chinntiú gur tugadh cluas éisteachta dom | | | | | |
| Thuig mé an t-ábhar a bhí á phlé | | | | | |
| Tugadh deis dom mo chuid tuairimí a chuir in iúl ar mo rogha bealaigh | | | | | |
| Cuireadh dóthain am cainte ar fáil dom | | | | | |

| POBAL | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tá a fhios agam cé atá ag iarraidh ár dtuairimí a chloisteáil | | | | | |
| Tá a fhios agam cén fáth a bhfuil siad ag iarraidh tuairimí daoine óga a chloisteáil | | | | | |
| Phléigh siad an méid a dhéanfaidís lenár gcuid tuairimí go hionraic | | | | | |

| TIONCHAR | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tuigim céard a dhéanfar lenár dtuairimí | | | | | |
| Tuigim conas a inseofar dúinn faoin méid a tharlóidh dár dtuairimí | | | | | |
| Sílim go nglacfar go dáiríre leis an méid a déarfaimid inniu | | | | | |

**Céard iad na rudaí is fearr a tharla inniu?**

........................................
........................................
........................................
........................................
........................................

**Céard ba mhaith leat a athrú faoin méid a tharla inniu?**

........................................
........................................
........................................
........................................
........................................

Bhí an BIA... ☹ ☐ 😐 ☐ ☺ ☐

Bhí an SEOMRA... ☹ ☐ 😐 ☐ ☺ ☐

**GO RAIBH MAITH AGAT!**

# Foirm Aiseolais Leanaí agus Daoine Óga
## (do ghrúpaí)

**Buachaill** ☐ **Cailín** ☐ **Eile** ☐ **Níl a fhios agam** ☐ **Aois** ____

**Cuir tic taobh leis an líon réaltaí ba cheart duit a thabhairt do gach rud thíos. Is é cúig réalta an rátáil is airde.**

| SPÁS | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tugadh cluas éisteachta dom ón tús | | | | | |
| Bhí mé ar mo chompord nuair a bhí mo thuairimí á roinnt agam | | | | | |
| Mhothaigh mé sábháilte nuair a bhí mo thuairimí á roinnt agam | | | | | |
| Cuireadh go leor guthanna éagsúla san áireamh | | | | | |

| GUTH | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tugadh deis dom mo thuairimí a roinnt | | | | | |
| Cuireadh dóthain faisnéise ar fáil dom chun cabhrú liom mo thuairim a roinnt | | | | | |
| Cuireadh tacaíocht ar fáil dom lena chinntiú gur tugadh cluas éisteachta dom | | | | | |
| Thuig mé an t-ábhar a bhí á phlé | | | | | |
| Tugadh deis dom mo chuid tuairimí a chuir in iúl ar mo rogha bealaigh | | | | | |
| Cuireadh dóthain am cainte ar fáil dom | | | | | |

| POBAL | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tá a fhios agam cé atá ag iarraidh ár dtuairimí a chloisteáil | | | | | |
| Tá a fhios agam cén fáth a bhfuil siad ag iarraidh tuairimí daoine óga a chloisteáil | | | | | |
| Phléigh siad an méid a dhéanfaidís lenár gcuid tuairimí go hionraic | | | | | |

| TIONCHAR | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tuigim céard a dhéanfar lenár dtuairimí | | | | | |
| Tuigim conas a inseofar dúinn faoin méid a tharlóidh dár dtuairimí | | | | | |
| Sílim go nglacfar go dáiríre leis an méid a déarfaimid inniu | | | | | |

**Ar éirigh leat an t-ardán a aimsiú?**

..................................................

..................................................

..................................................

..................................................

..................................................

**An raibh sé éasca le húsáid?**

..................................................

..................................................

..................................................

..................................................

..................................................

Bhí an SPÁS AR LÍNE...

☹ ☐ 😐 ☐ ☺ ☐

**GO RAIBH MAITH AGAT!**

# Foirm Aiseolais Leanaí agus Daoine Óga
## (do dhaoine aonair)

**Buachaill** ☐ **Cailín** ☐ **Eile** ☐ **Níl a fhios agam** ☐ **Aois** ____

**Cuir tic taobh leis an líon réaltaí ba cheart duit a thabhairt do gach rud thíos. Is é cúig réalta an rátáil is airde.**

| SPÁS | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tugadh cluas éisteachta dom ón tús | | | | | |
| Bhí mé ar mo chompord nuair a bhí mo thuairimí á roinnt agam | | | | | |
| Mhothaigh mé sábháilte nuair a bhí mo thuairimí á roinnt agam | | | | | |

| GUTH | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tugadh deis dom mo thuairimí a roinnt | | | | | |
| Cuireadh dóthain faisnéise ar fáil dom chun cabhrú liom mo thuairimí a roinnt | | | | | |
| Cuireadh tacaíocht ar fáil dom lena chinntiú gur tugadh cluas éisteachta dom | | | | | |
| Thuig mé an t-ábhar a bhí á phlé | | | | | |
| Tugadh deis dom mo chuid tuairimí a chuir in iúl ar mo rogha bealaigh | | | | | |
| Cuireadh dóthain am cainte ar fáil dom | | | | | |

| POBAL | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tá a fhios agam cé atá ag iarraidh mo thuairimí a chloisteáil | | | | | |
| Tá a fhios agam cén fáth a bhfuil siad ag iarraidh mo thuairimí a chloisteáil | | | | | |
| Phléigh siad an méid a dhéanfaidís iarracht a dhéanamh le mo thuairimí go hionraic | | | | | |

| TIONCHAR | ★ | ★★ | ★★★ | ★★★★ | ★★★★★ |
|---|---|---|---|---|---|
| Tuigim céard a dhéanfar le mo thuairimí anois | | | | | |
| Tuigim conas a inseofar dom faoin méid a tharlóidh do mo thuairimí | | | | | |
| Sílim go nglacfar go dáiríre leis an méid a dúirt mé inniu | | | | | |

**An bhfuil aon rud eile a chabhródh leat do thuairimí a roinnt?**

..............................................................................................................................

..............................................................................................................................

..............................................................................................................................

..............................................................................................................................

..............................................................................................................................

..............................................................................................................................

**GO RAIBH MAITH AGAT!**

# 7. Fachtóirí Cumasúcháin

Tá ceithre fhachtóir cumasúcháin ag tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata. Ní mór do ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a dhéanann iarracht leanaí agus daoine óga a chur san áireamh i gcinnteoireacht a chinntiú go bhfuil na fachtóirí seo a leanas curtha san áireamh:

- Tacaíocht eagraíochtúil
- Acmhainn oiliúna agus forbartha acmhainne do chinnteoirí
- Acmhainní (airgeadas, daonna, am)
- Monatóireacht agus meastóireacht.

## Tacaíocht eagraíochtúil

- Ní mór d'eagraíochtaí díriú air agus tiomantas a thabhairt chun ceart chun gutha leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht a chinntiú, agus infheistíocht a dhéanamh sna hacmhainní daonna agus airgeadais a theastaíonn chun é sin a dhéanamh go héifeachtach.
- Is príomhchumasóir é ceannaireacht láidir eagraíochtúil i gcinntiú go bhfuil rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht inbhuanaithe. Tá tacaíocht an phríomhfheidhmeannaigh nó cheann na heagraíochta riachtanach.[24]
- Ní mór don fhoireann bhainistíochta agus don fhoireann trí chéile tiomantas comhroinnte a léiriú i ndáil le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga.
- "Tá athrú eagraíochta riachtanach chun rannpháirtíocht lánbhrí leanaí agus daoine óga a chinntiú i gcinntí a bhfuil tionchar acu orthu. Ní mór go mbeadh rannpháirtíocht leabaithe in infreastruchtúr eagraíochta agus go ndéanfaidh dul chun cinn sa bhreis ar ghníomhaíochtaí aonuaire, lánroghnacha, ionas gur próiseas leabaithe leanúnach a bheidh ann."[25]

## Oiliúint agus forbairt acmhainne

- Ba cheart anailísí ar oiliúint agus ar riachtanais scileanna a reáchtáil trí úsáid a bhaint as an Seicliosta Pleanála Creata.
- Ní mór deiseanna oiliúna cuí i rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chur ar fáil do na comhaltaí foirne ábhartha.
- Ní mór oiliúint agus forbairt acmhainne a áireamh i bpleananna eagraíochta agus i bpleananna oibre.

## Acmhainní (airgeadas, daonna, am)

- Ba cheart acmhainní airgeadais a shannadh chun tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga.
- Ba cheart acmhainní daonna a shannadh chun tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga.
- Ní mór go dtabharfaí léargas i bpleananna gnó agus oibre ar na hacmhainní daonna agus airgeadais agus ar an méid ama a theastaíonn le haghaidh tionscnaimh éifeachtacha rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga.
- Ní mór go n-áireofaí i scéimeanna maoinithe critéir a éilíonn rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht.
- Ba cheart do chinnteoirí an Seicliosta Pleanála Creata a úsáid chun na hacmhainní a theastaíonn a shainaithint.

## Monatóireacht agus meastóireacht

- Ba cheart do chinnteoirí Seicliosta Aiseolais an Chreata a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh rannpháirtíochta leanaí.
- Ní mór an mheastóireacht sheachtrach ar thionscnaimh a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Seicliosta Aiseolais an Chreata ar bhealach a chuireann leis an úsáid atá á baint as uirlisí meastóireachta eile.
- Ní mór go mbeadh fianaise ón gCreat agus ó uirlisí meastóireachta eile mar bhonn le forbairt beartas, seirbhísí agus cleachtais.

# Tagairtí


[1] Na Náisiúin Aontaithe (1989). *An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh*. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

[2] Na Náisiúin Aontaithe (2006). *Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

[3] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2015). *Straitéis Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. (Straitéis Rannpháirtíochta nua a bhfuil tiomantas léirithe dó i gClár an Rialtais 2020).

[4] Ibid., p. v.

[5] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (2003). *Barúil Ghinearálta Uimh. 5: Bearta Ginearálta maidir le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh*, CRC/GC/2003/5. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

[6] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (2009). Barúil Ghinearálta Uimh. 12 (2009): Ceart éisteacht an linbh, CRC/C/GC/12. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

[7] Ibid., lch. 12.

[8] Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (2018). *Barúil Ghinearálta Uimh. 7: maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, i gcur i bhfeidhm agus monatóireacht an Choinbhinsiúin*, CRPD/C/ GC/7. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

[9] Kilkelly, U., Martin, S., Swirak, K. agus Field, S. (2015). *Athbhreithniú Beartais agus Litríochta ar Sprioc 1 den Straitéis Náisiúnta Leanaí (Policy and Literature Review of Goal 1 of the National Children's Strategy)*. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

[10] An Roinn Sláinte agus Leanaí (2000). *Ár Leanaí – A Saoil: An Straitéis Náisiúnta Leanaí, 2000-2010*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http:/www.dcya.gov.ie/ viewdoc.asp?Docid=64&CatID=13&mn=&StartDate=01+January+2000.

[11] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (2009). *Barúil Ghinearálta Uimh. 12: Ceart éisteachta an linbh*, CRC/C/GC/12. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

[12] Qvortrup, J. (2009). *'Are children human beings or human becomings? A critical assessment of outcome thinking'*, Rivista Internazionale di Scienze Sociali, 117(3/4), lch. 631–653. Faighte ar an 4 Meán Fómhair 2020, ó http:/www.jstor.org/stable/41625246.

[13] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. *Barúil Ghinearálta Uimh. 7: Implementing child rights in early childhood*, CRC/C/GC/12, alt. 17. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

[14] Lundy, L., Kilkelly, U., Forde, L. agus Kelleher, D. (2020). *The Right of Children to Participate in Public Decision-Making Processes. Londain: Save the Children*. Ar fáil ag https:/resourcecentre.savethechildren.net/library/right-children-participate-public-decision-making-processes.

[15] Kelleher, C., Seymour, M. agus Halpenny, A. M. (2014). *Promoting the Participation of Seldom Heard Young People: A Review of the Literature on Best Practice Principles*. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

[16] McEvoy, O. (2015). *A practical guide to including seldom-heard children & young people in decision-making*. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ar fáil ag: https:/www.comhairlenanog.ie/wp-content/uploads/2014/10/Seldom-Heard-toolkit.pdf.

[17] Lundy, L. (2018). In defence of tokenism? Implementing children's right to participate in collective decision-making, '*Childhood*', 25(3), lch. 340–354. Ar fáil ag: https://doi.org/10.1177/09075 68218777292.

[18] O'Donnell, A. (2017). Child participation structures in Ireland: implementation of agency rights in the UNCRC. Ar fáil ag http:/www.dcya.gov.ie/publications/2017.

[19] Kränzl-Nagl, R. agus Ulrike, Z. (2010). In Percy-Smith, B. agus Thomas, N. (eagaí.) *A Handbook of Children and Young People's Participation* (lch. 164–173). Oxford: Routledge.

[20] Lansdown, G. (2010). In Percy-Smith, B. agus Thomas, N. (eagaí.) *A Handbook of Children and Young People's Participation* (lch. 11–22). Oxford: Routledge.

[21] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC), Barúil Ghinearálta Uimh. 12 (2009): Ceart éisteachta an linbh, an 20 Iúil 2009, CRC/C/GC/12, ag ailt 132–134.

[22] Lundy, L. (2007). '*Voice is not enough: Conceptualising Article 12 of the United Nations Convention on the Rights of the Child*'. British Educational Research Journal, Iml. 33(6), uimh. 6, lch. 927–942.

[23] Lansdown, G. (2018). *Conceptual Framework for Measuring Outcomes of Adolescent Participation*. Nua-Eabhrac: Unicef.

[24] Elsley, S. agus Tisdall, E. K. M. (2014). *Children and Young People's Participation in Policy-Making: Sharing Practice*. Dún Éideann: CRFR. http:/www.crfr.ac.uk/assets/Participation-briefing-2.pdf. Ar fáil ag http:/www.research.ed.ac.uk/portal/en/publications/children-and-young-peoples-participation-in-policymaking(0db452ff-152a-4ee1-b8f4-1f509c78da1e).html.

[25] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2015). *Straitéis Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020* (*National Strategy on Children and Young People's Participation in Decision-making 2015-2020*) (lch. 16). Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

# Aguisín 1 – Bearta reachtacha baile a cheanglaíonn go mbíonn guth an linbh le cloisteáil i gcomhthéacsanna sonracha


Acht Oideachais Rialtas na hÉireann, 1988. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http:/www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/51/enacted/en/ html?q=Education+Act+&years=1998 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht um Chúram Leanaí Rialtas na hÉireann, 1991. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http:/www.irishstatutebook.ie/eli/1991/act/17/enacted/en/html?q=Child+Care+Act+&years=1991 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht Leanaí Rialtas na hÉireann, 2001. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http:/www.irishstatutebook.ie/eli/2001/act/24/enacted/en/html?q=Children+Act+&years=2001 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht um Ombudsman do Leanaí Rialtas na hÉireann, 2002. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http:/www.irishstatutebook.ie/eli/2002/act/22/enacted/en/html?q=Ombudsman+for+Children+Act+&years=2002 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Rialtas na hÉireann, 2013 Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.Ar fáil ag http:/www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/40/enacted/en/html?q=Child+and+Family+Agency+Act+&years=2013 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas Rialtas na hÉireann, 2014. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/25/enacted/en/html?q=Human+Rights+and+Equality+Commission+Act+&years=2014.

Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh Rialtas na hÉireann, 2015. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/9/enacted/en/html?q=Children+and+Family+Relationships+Act+&years=2015 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht um Thús Áite do Leanaí Rialtas na hÉireann, 2015. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag https://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/html?q=Children+First+Act+&years=2015 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht um an Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) Rialtas na hÉireann, 2012. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http:/www.irishstatutebook.ie/eli/2012/ca/31/enacted/en/html (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

Acht Uchtála (Leasú) Rialtas na hÉireann, 2017. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag http:/www.irishstatutebook.ie/eli/2017/act/19/enacted/en/ html?q=Adoption+Amendment+Act+&years=2017 (rochtain ar an 11 Samhain 2020).

# Aguisín 2 – Samplaí dea-chleachtais

## Scéal tuismitheora maidir leis an tionchar atá ag guth na leanaí a bheith le cloisteáil ar na leanaí

Gach maidin bhíodh mo leanbh dhá bhliain d'aois ag caoineadh le linn dúinn a bheith siúl chuig an naíolann atá suite gar dúinn. Lá amháin, tar éis do na leanaí leictreoir a fheiceáil ag deisiú cloigín dorais a bhí briste, dúirt sí: "Céard faoi chloigín dorais nua a fháil, é a chur síos beagán níos ísle ionas gur féidir linne é a úsáid." Bhí úinéir na naíolainne lánsásta é sin a dhéanamh. Úsáideadh airde an linbh is lú lena chinntiú go bhféadfadh gach leanbh a chloigín a úsáid, agus suiteáladh an cloigín dorais nua. Ón lá sin ar aghaidh, tá m'iníon ag rith i dtreo na naíolainne ar maidin agus fios aici gur féidir léi cloigín an dorais a úsáid í féin. Chiallaigh sé seo go raibh gach duine sona sásta ar maidin agus nach raibh aon duine faoi bhrú: m'iníon, muide (a tuismitheoirí) agus na hoibrithe cúraim leanaí. Cé gur rud beag agus gan suntas ar bith i saol an duine fhásta é seo bhí tionchar ollmhór aige ar shaol laethúil m'iníne.

### Conas a soláthraíodh SPÁS, GUTH, POBAL agus TIONCHAR do na leanaí

#### SPÁS
- Mhothaigh na leanaí sábháilte a dtuairimí a roinnt i suíomh a raibh aithne acu air – a naíolann féin.
- Chuir na cinnteoirí (foireann agus úinéir na naíolainne) dóthain ama ar fáil chun éisteacht leis na leanaí.

#### GUTH
- Bhí cead ag na leanaí aird a tharraingt ar shaincheist a bhí tábhachtach dar leo féin.
- Bhí cead ag na leanaí réiteach a mholadh a bheadh oiriúnach dóibh féin.

#### POBAL
- Chuir foireann agus úinéir na naíolainne in iúl do na leanaí go raibh siad réidh agus toilteanach éisteacht leo.
- Chuir siad in iúl go raibh siad toilteanach rud éigin a dhéanamh faoi thuairimí na leanaí.

#### TIONCHAR
- Chuir foireann agus úinéir na naíolainne in iúl do na leanaí go raibh siad réidh agus toilteanach éisteacht leo.
- Chuir siad in iúl go raibh siad toilteanach rud éigin a dhéanamh faoi thuairimí na leanaí.

## Guth leanaí i dtionscadal réamhscoile

### Creative Kids & Co.

In Creative Kids & Co., is í an ghné is tábhachtaí dár gcuid oibre rannpháirtíocht leanaí i gcinnteoireacht a bhaineann lena bhfoghlaim féin a chinntiú. Mothaíonn na leanaí sábháilte agus sách muiníneach chun a dtuairimí a roinnt linn mar go gcuirimid san áireamh iad nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh againn gach lá agus táimid eolasach ar conas déileáil go dáiríre lena dtuairimí.

Sa réamhscoil, bhí foirgnimh cháiliúla ar fud an domhain á bplé againn. D'iarramar ar theaghlaigh an foirgneamh is fearr leo a phlé leis an leanaí. Sheol máthair Chillian ríomhphost chugainn ag insint dúinn gurb é an foirgneamh is fearr leis an teach inar rugadh a mhamó, Uimh. 4 Sráid an Chaisleáin, Baile Átha Cliath, foirgneamh Seoirseach.

I rith am comhrá, d'iarramar ar an ngrúpa an raibh aon rud ar eolas ag aon duine faoi fhoirgnimh Sheoirseacha agus dúirt Cillian an méid seo a leanas: "Tá a fhios agam go mbíodh gach duine ar Shráid an Chaisleáin ina gcónaí sa seomra céanna." Thaispeánamar grianghraf d'Uimhir.4 do na leanaí fad is a bhíomar ag caint faoin nasc a bhí ag Cillian leis an teach. Sna laethanta ina dhiaidh sin, phléamar ailtireacht Sheoirseach agus an saol a caitheadh sna tionóntáin i mBaile Átha Cliath. D'iarramar ar na leanaí ar mhaith leo bualadh le mamó Chillian chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gcineál saoil a caitheadh ar Shráid an Chaisleáin. Dúirt siad gur bhreá leo bualadh le mamó Chillian agus d'eagraíomar gach rud.

Tháinig Mamó Máirín chomh fada leis an réamhscoil agus labhair sí leis na leanaí faoin gcineál saoil a bhí aici nuair a bhí cónaí uirthi in Uimh. 4. "Bhíodh gach duine in aon seomra amháin," a dúirt sí, "agus bhí an leithreas taobh amuigh!" Nuair a chuala Nathan an méid sin, dúirt sé, "CÉN FÁTH?"

D'iarramar ar na leanaí ar mhaith leo tuilleadh ceisteanna a chur ar Mhamó Máirín. "An raibh carr agat?" a dúirt Rajaharish.

"Ní raibh," arsa Máirín.

"Cén modh taistil a bhí agaibh?" a dúirt Noah agus ionadh an domhain air.

"Léim muid ar an mbus nó ar an rothar, ní raibh carranna ach ag daoine saibhre," arsa Máirín agus í ag gáire.

D'fhreagair Mamó Máirín na ceisteanna ar fad a chuir na leanaí. Ag deireadh na cuairte, d'iarramar ar na leanaí ar mhaith leo cuairt a thabhairt ar an gcéad teach a raibh Máirín ina cónaí ann. Thaitin an smaoineamh go mór leo. Labhraíomar faoin mbealach a dtéadh muid chomh fada leis an teach: "D'fhéadfaimis dul ar bhus, an dtiomáineann athair aon duine bus?"

"TIOMÁINEANN M'ATHAIR BUS," a dúirt Micheál. D'iarramar ar athair Mhichíl an bhféadfadh sé bus a eagrú dúinn chun na leanaí agus an fhoireann a thabhairt chomh fada leis an teach agus bhí sé lánsásta cabhrú linn.

Chomh maith leis sin, rinneamar teagmháil le tionóntaí Uimh. 4 Sráid an Chaisleáin agus bhí siad lánsásta cead a thabhairt do na leanaí cuairt a thabhairt ar an bhfoirgneamh.

Ar deireadh, tháinig lá an turais mhóir, agus thugamar aghaidh, ár seaicéid shofheicthe faoinár ngéaga againn, agus roinnt tuismitheoirí lenár dtaobh agus ár n-aoi oinigh Mamó Máirín in éindí linn freisin, ar an mbus áit a raibh Seán ag fanacht dúinn. Bhí bród an domhain ar Mhicheál.

Pháirceáil Seán taobh le ballaí ársa Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus shiúlamar chomh fada le hUimh. 4. Ba é buaicphointe an turais nuair a thugamar cuairt ar an seomra ar an gcéad urlár a mbíodh Máirín agus a clann ina gcónaí ann nuair a bhí sí ar comhaois le Cillian. "Tá mé sa bhaile" a dúirt Máirín agus í ag siúl isteach sa seomra.

"Is anseo a bhíodh Mamó ina codladh agus ina cónaí," a dúirt Cillian agus é thar a bheith mórtasach.

Chinntíomar go raibh cluas éisteachta á tabhairt do ghuthanna na leanaí i rith na cuairte trí iad a spreagadh chun ceisteanna a chur agus moltaí a dhéanamh maidir leis na rudaí ba mhaith leo a fheiceáil san fhoirgneamh.

I rith an turais ar fad, labhraíomar leis na leanaí i ngrúpaí móra, grúpaí beaga agus ina n-aonar – d'éisteamar go cúramach, bhreacamar nótaí, agus labhraíomar go hionraic leo maidir le céard a d'fhéadfaimis a dhéanamh agus céard nach bhféadfaimis a dhéanamh b'fhéidir. Ar an tslí seo, chuireamar ar chumas na leanaí an méid tairbhe agus ab fhéidir a bhaint as na cinntí a rinneadh.

Bhí an chuairt a thugamar ar Uimh. 4 Sráid an Chaisleáin an-taitneamhach, smaoineamh a d'eascair as plé a bhí bunaithe ar an bhfoirgneamh is fearr le leanbh. Fianaise ba ea an tionscadal seo nuair a thugtar cluas éisteachta do leanaí agus nuair a thugtar deis dóibh a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht, go mbíonn siad freagrach as a bhfoghlaim féin a threorú.

## Conas a soláthraíodh SPÁS, GUTH, POBAL agus TIONCHAR do na leanaí

### SPÁS

- Mhothaigh na leanaí sábháilte a dtuairimí a roinnt i suíomh a raibh aithne acu air – a réamhscoil féin.
- Thug na cinnteoirí (cleachtóirí réamhscoile) dóthain ama chun éisteacht leis na leanaí.
- Chinntigh na cleachtóirí réamhscoile gur tugadh cluas éisteachta do na leanaí ar fad.

### GUTH

- Fiafraíodh de na leanaí na foirgnimh is fearr leo a ainmniú, rud éigin a raibh spéis acu ann.
- Fiafraíodh de na leanaí labhairt faoi na foirgnimh is fearr leo.
- Fiafraíodh de na leanaí ar mhaith leo dá dtabharfadh Mamó Máirín cuairt orthu.
- Fiafraíodh de na leanaí an raibh aithne acu ar aon duine a thiomáineann bus.

### POBAL

- D'iarr na cleachtóirí réamhscoile ar na leanaí labhairt faoi na foirgnimh is fearr leo, agus ar an tslí sin chuir siad in iúl dóibh go bhfuil siad réidh agus toilteanach éisteacht leo.
- Thug na cleachtóirí réamhscoile le fios go raibh siad toilteanach rud éigin a dhéanamh bunaithe ar thuairimí na leanaí trí labhairt le daoine fásta eile (Mamó Máirín, tiománaí an bhus, tionóntaí Uimh. 4 Sráid an Chaisleáin).

### TIONCHAR

- Ghníomhaigh na cleachtóirí bunaithe ar spéis agus ar thuairimí na leanaí trí chuairt chuig Uimh. 4 Sráid an Chaisleáin a eagrú.
- Tugadh léargas do na leanaí ar thionchar bhród Cillian as an bhfoirgneamh is fearr leis trí chuairt a thabhairt air agus éisteacht le Mamó Máirín ag caint faoi bheith ina cónaí i seomra amháin; agus bród Mhichíl as a athair, tiománaí an bhus a thug gach duine chomh fada leis an bhfoirgneamh.
- Tugadh deis do na leanaí cinntí a dhéanamh faoin méid ar theastaigh uathu a fheiceáil in Uimh. 4 Sráid an Chaisleáin.
- Chuathas i gcomhairle leis na leanaí ar bhealaí éagsúla agus tugadh tacaíocht dóibh feidhmiú mar chinnteoirí ag gach céim.

# Rannpháirtíocht daoine óga i bhforbairt cláir le haghaidh fágálaithe scoile

## Seirbhís Óige an Chláir

### 1. Sainaithint na topaice

- Beirt oibrithe óige a shainaithin an topaic, bunaithe ar idirghníomhaíochtaí le daoine óga atá ar tí aistriú ón oideachas dara leibhéal.
- Soláthraíonn Taca na nÓg gairmthreoir do dhaoine óga ar fud Cho. an Chláir. Eagraíonn an Fhoireann Eolais don Óige i Seirbhís Óige an Chláir cláir, cainteanna agus láithreoireachtaí faoin topaic ach bhí neamhréir le tabhairt faoi deara sa líon daoine a bhí ag freastal ar na himeachtaí a bhí á n-eagrú. I rith na seisiún for-rochtana leis na hoibrithe óige, áfach, chuir daoine óga in iúl go minic gur ábhar buartha agus struis ba ea an t-aistriú. Chinn na hoibrithe óige dul i gcomhairle leis na daoine óga a bhí ar tí aistriú ón oideachas dara leibhéal lena chinntiú go raibh na cláir a bhí á dtairiscint ag freastal ar a gcuid riachtanas.
- D'fhorbair siad modheolaíocht chomhairliúcháin le grúpa píolótach daoine óga, agus é mar aidhm níos mó comhairliúchán a reáchtáil nuair a bhí an mhodheolaíocht curtha i gcrích.

### 2. Rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht

- Is iad na príomhchinnteoirí sa tSeirbhís Óige an fhoireann bhainistíochta, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Bord Stiúrthóirí.
- Cuimsítear i measc na bpríomhchinnteoirí eile an Fhoireann Eolais don Óige, Taca na nÓg, comhaltaí foirne eile na Seirbhíse Óige, Foireann Bhainistíochta an Ionaid Oiliúna Pobail, Ionaid Ógtheagmhála, Príomhoidí, Treoirchomhairleoirí agus comhpháirtithe oideachais áitiúla eile.
- Cinnteoirí tábhachtacha freisin ba ea na daoine óga a ghlac páirt sa ghrúpa píolótach agus sa ghrúpa comhairliúcháin.

### 3. Conas a lorgaíodh tuairimí na ndaoine óga, agus conas a raibh tionchar acu ar na cinntí

#### SPÁS

- Bhí na daoine óga ar fad a ghlac páirt sa ghrúpa píolótach agus sa ghrúpa comhairliúcháin ag aistriú ón dara leibhéal chuig tuilleadh staidéir/obair nó bheadh siad ag aistriú i rith na bliana amach romhainn.
- Cuimsíodh sa ghrúpa píolótach ceathrar daoine óga (beirt chailíní agus beirt bhuachaillí) i mBliain 2 de Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí, a bhí idir 16 agus 19 mbliain d'aois. Bhí siad ag freastal ar Ionad Oiliúna Pobail, suíomh oideachais thacaithe do dhaoine óga atá i mbaol luathfhágáil an chórais oideachais.
- Páirteach sa ghrúpa comhairliúcháin bhí 15 dhuine óg (idir 17 agus 21) a bhí ag glacadh páirte i gClár Taithí Oibre.
- Páirteach sa dá ghrúpa bhí daoine óga nach mbíonn a nguthanna le cloisteáil go minic, agus a raibh deacrachtaí acu san oideachas príomhshrutha agus déileáil leis an aistriú ina n-aonar.
- Bhí na daoine ar fad a ndeacthas i gcomhairle leo i mbaol luathfhágáil na scoile nó gan leanúint ar aghaidh le breisoideachas/socrúcháin oibre. Bhí meascán daoine óga ó cheantair uirbeacha agus thuaithe páirteach ann.

*ar lean*

- Reáchtáladh an comhairliúcháin i seomra compordach a bhí sách te agus ina raibh dóthain suíochán.
- Reáchtáladh an comhairliúchán ag am agus in ionad a bhí oiriúnach do na rannpháirtithe.
- Bhí atmaisféar cóimheasa le brath agus bhí béim mhór á leagan ar chumarsáid i spás sábháilte.
- Bhí an topaic ábhartha dóibh: bhí na daoine óga a ghlac páirt sa ghrúpa píolótach ar tí aistriú ón oideachas dara leibhéal agus bhí tús curtha leis an aistriú sin ag na daoine a ghlac páirt sa ghrúpa comhairliúcháin, bhí siad i ndiaidh an scoil a fhágáil agus tús a chur le tionscnamh tacaithe socrúchán oibre.
- Tugadh deiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngrúpaí níos lú agus vótáil chun úsáid a bhaint as modhanna neamhbhriathartha mura raibh fonn orthu labhairt mar chuid de ghrúpaí móra.
- Bhí na héascaitheoirí airdeallach ar leibhéil litearthachta na ndaoine óga, agus a bhí ar a gcumas a chinntiú go raibh na gníomhaíochtaí oiriúnach do riachtanais an ghrúpa.

## GUTH

- Míníodh aidhm an chomhairliúcháin, an rogha modhanna agus conas a roghnaíodh na modhanna seo go soiléir do na daoine óga.
- Cuireadh in iúl dóibh go raibh an rannpháirtíocht deonach agus rinneadh socruithe cuí d'aon duine óg nach raibh ag iarraidh páirt a ghlacadh sa phróiseas.
- Úsáideadh raon modhanna éagsúla leis na grúpaí píolótacha agus comhairliúcháin lena chinntiú go mbainfeadh gach duine an oiread tairbhe agus ab fhéidir as na deiseanna rannpháirtíochta.
- Bhí baint ag na daoine óga ón ngrúpa píolótach le roghnú na dtopaicí, na gceisteanna agus na modhanna.
- D'úsáid an grúpa píolótach modh amlíne chun gach cinneadh, dúshlán agus deis a mhapáil a bhain leis an aistriú ón dara leibhéal agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna a bhí le cur san áireamh i gclár do dhaoine óga atá ag fágáil na scoile.
- Bunaithe ar an aiseolas ón ngrúpa píolótach, d'úsáid an grúpa comhairliúcháin an modh amlíne chun a gcuid smaointe a dhíriú agus ansin d'oibrigh siad i ngrúpaí beaga chun na cinntí, dúshláin agus deiseanna a shíl siad a bhainfeadh leis an aistriú ón oideachas dara leibhéal a mhapáil.
- Baineadh úsáid as modh spás oscailte do dhaoine óga chun rogha a dhéanamh maidir le agus catagóiriú a dhéanamh ar na rudaí a theastaigh uathu a bheadh mar thoradh ar chlár d'fhágálaithe scoile.
- Chuir modh caifé dhomhanda ar chumas daoine óga a gcuid smaointe maidir le gach catagóir a roinnt trí úsáid a bhaint as modh leathanach cóipleabhair.
- Ar deireadh, trí úsáid a bhaint as poncanna greamaitheacha, vótáil na daoine óga maidir leis an dá shaincheist is tábhachtaí dar leo i ngach catagóir.
- Ba iad na roghanna a rinne siad a bhí mar bhonn le cuspóirí/torthaí foghlama an Chláir Fágála Scoile Eolas don Óige. Roinneadh iad seo leis na comhpháirtithe straitéiseacha chun bonn eolais a sholáthar dá bpleanáil clár agus measúnuithe riachtanas.

### POBAL

- Roinneadh eolas leis na daoine óga faoi na daoine a bheadh ag breathnú ar thorthaí an chomhairliúcháin.
- Míníodh ról an éascaitheora, agus míníodh do na daoine óga céard a tharlódh do thorthaí an chomhairliúcháin.
- Léiríodh dearcthaí agus tuairimí na ndaoine óga ar phóstaer a roinneadh le daoine ábhartha (Ionaid Ógtheagmhála/Príomhoidí/Treoirchomhairleoirí).
- Cuireadh in iúl do dhaoine óga gur cheart don Fhoireann Eolais don Óige a gcuid tuairimí a úsáid chun Clár Fágála Scoile a fhorbairt le haghaidh 2020.
- Cuireadh in iúl do na daoine óga go mbeadh a gcuid dearcthaí agus tuairimí á roinnt le Foireann Bhainistíochta Sheirbhís Óige an Chláir, an Príomhfheidhmeannach agus an Bord Stiúrthóirí (a bhfuil tionchar acu ar na cláir atá á reáchtáil ag Seirbhís Óige an Chláir).

### TIONCHAR

- Cuireadh in iúl do na daoine óga cathain ba cheart dóibh aiseolas maidir leis an gcomhairliúchán a fháil.
- Ghlac an Fhoireann Eolais don Óige go dáiríre le dearcthaí agus tuairimí na ndaoine óga agus úsáideadh iad chun an Clár Fágála Scoile nua a fhorbairt.
- Cuireadh in iúl do na daoine óga go mbeadh tagairt á déanamh dá rannpháirtíocht sa chlár nua.
- Le cabhair ó Thaca na nÓg, phléigh foireann an Ionaid Oiliúna Pobail agus na hÓgtheagmhála dearcthaí agus tuairimí na ndaoine óga i ndiaidh an chomhairliúcháin.
- I ndiaidh an chomhairliúcháin, scrúdaigh an fhoireann bhainistíochta agus an Príomhfheidhmeannach an doiciméad agus cuireadh aiseolas ar fáil do na daoine óga.
- Rinne na daoine óga an próiseas comhairliúcháin a mheas.

## 4. Príomhthátail an chomhairliúcháin

Tá ábhair imní agus riachtanais an spriocghrúpa seo leathan, éagsúil ach comhsheasmhach le fianaise eile atá againn ó shuíomhanna níos neamhfhoirmiúla. Anseo thíos tá cuid de na saincheisteanna is coitianta ar mhaith le daoine óg go ndéileálfadh clár ullmhúcháin d'fhágálaithe scoile leo.

**1. Cóiríocht**
- Liúntas agus teidlíochtaí cíosa

**2. Oideachas**
- An coláiste/cúrsa PLC ceart a roghnú
- Conas iarratas a dhéanamh ar liúntais

**3. Obair**
- Céard iad na cearta atá agam? (saoire/pá/saoire)

**4. Scileanna Saoil**
- Conas feidhmiú mar thuismitheoir freagrach
- How to quit smoking

5. **Tacaíochtaí**
- Cá háit a bhfuil cabhair ghinearálta le fáil?
- Cearta

6. **Buiséadú**
- Conas morgáiste a fháil nó conas billí míosúla eile a íoc cosúil le hárachas
- Conas taifead ar chistí a choimeád

7. **Cluas éisteachta a thabhairt dá n-eispéiris**
- Spás chun labhairt faoina n-eispéiris seachas díreach glacadh le faisnéis nó treoir

## 5. Ceachtanna foghlamtha

- Bheadh an próiseas níos éifeachtaí dá mba rud é, ó thús na bliana, dá mbeadh am leithdháilte i bpleananna oibre na Foirne Eolais don Óige agus do Thaca na nÓg chun comhairliúcháin trasfhoirne a reáchtáil le daoine óga.
- D'fhoghlaimíomar ón ngrúpa píolótach nár éirigh le ceann de na modhanna úsáidte dearcthaí na ndaoine óga a thaifeadadh go cuí.
- Mura raibh orainn déileáil le Covid-19 bheadh an tionscadal seo curtha i gcrích níos tapúla againn.

## 6. Forbairtí ina dhiaidh sin

- Tá samhail loighce forbartha d'ábhar an Chláir Fágála Scoile.
- Tá treoirlínte seisiúin agus láithreoireacht PowerPoint atá le húsáid i rith an chláir forbartha.
- Tá na treoirlínte seo athbhreithnithe ag mic léinn na hArdteistiméireachta Feidhmí i rith dhá sheisiún.
- Tá pleananna déanta chun deis a thabhairt do ghrúpa daoine óga oibriú leis an bhFoireann Eolais don Óige chun leabhrán a fhorbairt a úsáidfear i dteannta leis an gcláir.

## Rannpháirtíocht daoine óga i bhforbairt Phlean Gníomhaithe ar son an Cheartais Aeráide

### Foróige

**1. Sainaithint na topaice**

- I mí Dheireadh Fómhair 2019, shainaithin Painéal Tagartha Foróige ceartas aeráide mar shaincheist a raibh tionchar aige ar an tsochaí trí chéile agus ar dhaoine óga go háirithe. Fiafraíodh den eagraíocht smaoineamh air seo a ainmniú mar phríomhthopaic le haghaidh 2020. Cuimsítear i bPainéal Tagartha Foróige grúpa de suas le 64 duine óg a dhéanann ionadaíocht ar dhearcthaí 50,000 comhalta Foróige, idir clubanna agus tionscadail, seirbhísí agus cláir óige. Tá tionchar díreach ag obair an Phainéil Tagartha ar conas a fheidhmíonn Foróige agus cinntítear go mbíonn guthanna daoine óga le cloisteáil i gcomhthéacs reáchtáil na heagraíochta óige.
- Bhraith daoine óga a bhí páirteach sa Phainéal Tagartha go raibh sé riachtanach níos mó a dhéanamh chun an géarchéim aeráide a aisiompú, agus go raibh gá le tionscnaimh oideachais do dhaoine óga agus do dhaoine fásta chun aird a tharraingt ar an éagothroime i measc daoine a bhfuil tionchar ag an athrú aeráide orthu.
- In Eanáir agus Feabhra 2020, ghlac beagnach 1,000 duine óg páirt i gclubanna, tionscadail agus seirbhísí Foróige, agus d'fhreastail siad ar Chomhdhálacha agus Seimineáir Réigiúnacha Foróige (imeachtaí comhairliúcháin óige) ar fud na tíre. Cuireann na himeachtaí seo ar chumas daoine óga in Foróige príomhthopaicí a shainaithint atá tábhachtach i gcomhthéacs shaol na ndaoine óga agus moltaí a shainaithint i ndáil le heagrú na dtopaicí seo. Príomhthopaic a sainaithníodh ag na himeachtaí seo ba ea an gá a bhí le breis gníomhaithe maidir leis an athrú aeráide agus déileáil leis an ngéarchéim aeráide; bhí daoine óga den bharúil gur cheart níos mó a dhéanamh chun tacú leo gníomhú maidir leis an gceartas aeráide.
- Ag an gcéad chruinniú de Phainéal Tagartha nuathofa 2020 a reáchtáladh i mí Aibreáin 2020 (ar líne mar gheall ar Covid-19), cuireadh tuarascáil ina raibh achoimre ar na Comhdhálacha agus Seimineáir Réigiúnacha i láthair. Chomh maith leis sin, tugadh tuarascáil do gach comhalta aonair den Phainéal Tagartha maidir leis an gComhdháil nó Seimineár Réigiúnach a thogh iad. Bealach ba ea é seo lena chinntiú go raibh comhaltaí an Phainéil Tagartha airdeallach ar na moltaí a rinne daoine óga in Foróige maidir leis an gceartas aeráide.
- Tharraing an Painéal Tagartha aird ar roinnt príomhréimsí ba cheart don eagraíocht a bhreithniú nuair a bhí plean gníomhaíochta maidir leis an gceartas aeráide á fhorbairt. Áiríodh ina measc:
  - go mbeadh daoine óga ag feidhmiú mar phríomhthiománaithe tionscnamh náisiúnta maidir leis an gceartas aeráide faoi scáth Foróige;
  - go mbunófaí painéal tacaíochta óige lena chinntiú go raibh tionchar díreach ag daoine óga ar gach gné den tionscnamh agus go bhféadfaidís aird daoine óga eile, an phobail agus lucht déanta beartas a tharraingt ar an topaic;
  - cúrsaí oiliúna agus ceardlanna don fhoireann agus d'oibrithe deonacha maidir leis an gceartas aeráide a fhorbairt agus teacht ar bhealaí chun tacú le daoine óga atá i mbun gníomhaíochta;
  - clár maidir leis an gceartas aeráide a fhorbairt do dhaoine óga;
  - Ambasadóirí Ceartas Aeráide a bhunú i gclubanna, grúpaí agus tionscadail Foróige;
  - feachtais náisiúnta agus áitiúla ar na meáin shóisialta a reáchtáil chun aird a tharraingt ar an gceist agus ar an méid is féidir le daoine a dhéanamh;
  - Comhdháil Dhigiteach Óige maidir le Ceartas Aeráide.

## 2. Rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht

- Bhain an pobal a roghnaíodh don tionscnamh seo le heagraíochtaí éagsúla agus áiríodh ina measc daoine óga ó Phainéal Tagartha Foróige, beagnach 1,000 comhalta óg de chuid Foróige a d'fhreastail ar Chomhdhálacha agus Seimineáir Réigiúnacha, daoine óga a bhí páirteach in Éicea-Chomhchoiste Foróige, Cathaoirleach Náisiúnta Foróige agus Bord Foróige, POF Foróige, comhaltaí den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearach agus comhaltaí foirne agus oibrithe deonacha a raibh taithí acu ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga agus príomhréimsí eile (cosúil le hoiliúint agus cláir, margaíocht, cumarsáid agus bainistíocht imeachtaí).
- Bhí ról ag na páirtithe leasmhara ar fad sna cinntí críochnaitheacha maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son an Cheartais Aeráide, plean a thionscain agus a stiúir daoine óga.

## 3. Conas a lorgaíodh tuairimí na ndaoine óga, agus conas a raibh tionchar acu ar na cinntí

### SPÁS

- Ba í an chéad chéim, céim a bhí riachtanach i ndáil le Tionscnamh Ceartais Aeráide Foróige, painéal tacaíochtaí óige náisiúnta a bhunú. Daoine óga ar spéis leo difríocht dhearfach a thionscnamh i ndáil le ceartas aeráide ba ea iad comhaltaí an phainéil, ambasadóirí le haghaidh ceartas aeráide agus a chinntiú go raibh guthanna daoine óga ag croílár na cinnteoireachta ar fad.
- Seo a leanas ról an phainéil tacaíochta óige: treo na heagraíochta i ndáil le ceartas aeráide a stiúradh; moltaí a dhéanamh maidir le beartas, treoirlínte, forbairtí clár oideachais, cúrsaí oiliúna, taighde, agus príomh-chomhpháirtíochtaí straitéiseacha; chun tacaíocht a sholáthar ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta; agus chun roinnt tionscnamh a stiúradh.
- I ndiaidh cruinniú de chomhaltaí Fhoireann Bhainistíochta Sinsearach Foróige, bunaíodh straitéis lena chinntiú go raibh comhaltacht ilghnéitheach ag an bpainéal tacaíochta óige as clubanna, tionscadail agus seirbhísí éagsúla Foróige (agus i dtéarmaí aoise, inscne agus suímh).
- Anuas air sin, sannadh comhalta den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearach le taithí shuntasach ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht chun tacú le hobair an ghrúpa.
- De thoradh thionchar Covid-19, reáchtáladh gach cruinniú ar líne ar Zoom. Bhain dúshlán leis seo ar dtús ó thaobh bunú grúpaí de mar nach raibh deis ag comhaltaí den ghrúpa bualadh lena chéile ná leis na comhaltaí foirne agus oibrithe deonacha a bhí ar fáil chun tacú leo. D'fhonn comhtháthú grúpa a fhorbairt, mar aon le dinimic ghrúpa agus braistint sábháilteachta ón tús, d'éascaigh comhaltaí foirne agus oibrithe deonacha imeachtaí agus gníomhaíochtaí grúpa spraíúla agus idirghníomhacha, agus baineadh tairbhe as pléghrúpaí beaga.
- Cuimsíodh sna cruinnithe tosaigh leis an bpainéal tacaíochta óige freisin a ról a mhíniú go soiléir, mar aon le róil na gcomhaltaí foirne, oibrithe deonacha agus sainchomhairleoirí, agus príomhchomhaltaí foirne eile a ghlac páirt sna cruinnithe ag céimeanna éagsúla. Ina dhiaidh sin, chinn an grúpa go raibh sé riachtanach go mbeadh a ainm féin aige. Éicea-Chomhchoiste Foróige (Foróige Ecollective) a thugtar orthu anois. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an grúpa conradh ina ndearnadh cur síos ar iompar agus ar ionchais.
- Bunaíodh nósanna imeachta um chumhdach leanaí, lena n-áirítear toiliú tuismitheora, ráiteas um chumhdach leanaí, an cóimheas ceart idir comhaltaí foirne agus daoine óga, treoirlínte maidir le grúpobair ar líne, monatóireacht ar thinreamh agus taifid maidir le gach cruinniú.

## GUTH

- Rinneadh cinneadh maidir leis na socruithe cruinnithe d'Éicea-Chomhchoiste Foróige i gcomhairle leis an ngrúpa lena chinntiú go raibh siad á reáchtáil ag am agus ar lá oiriúnach. Reáchtáladh grúpchruinnithe gach coicís ar dtús, ansin gach seachtain de réir mar a bhí an clár oibre á fhorbairt.
- Sholáthair na comhaltaí foirne agus na hoibrithe deonacha a d'éascaigh obair an ghrúpa tacaíocht leanúnach agus chinntigh siad go raibh modheolaíochtaí a bhí oiriúnach do dhaoine óga in úsáid i rith gach cruinnithe.
- Ag an gcéad chruinniú den ghrúpa, chuir an Stiúrthóir Clár agus Taighde leagan oiriúnach do dhaoine óga den iarratas ar Chiste um Cheartas Aeráide i leith an Aosa Óige DCYA i láthair agus míníodh go soiléir ról Éicea-Chomhchoiste Foróige agus conas a bheadh tionchar ag tuairimí an ghrúpa ar Thionscnamh um Cheartas Aeráide Foróige sna míonna amach romhainn.
- Eagraíodh láithreoireacht dírithe ar dhaoine óga dar teideal 'What is Climate Justice' a thaispeáint don ghrúpa, curtha i láthair ag saineolaí seachtrach ar an ábhar, agus reáchtáladh seisiún Ceisteanna & Freagraí ina dhiaidh sin. D'éirigh thar cionn leis an seisiún faisnéise seo agus d'fhan an saineolaí seachtrach ag obair leis an ngrúpa ar bhonn deonach i rith an tionscnaimh.
- Chomh maith leis sin, d'fhreastail na comhaltaí foirne ó Foróige atá freagrach as príomhghníomhartha an tionscnaimh ar chruinnithe ábhartha an Éicea-Chomhchoiste. Cuireadh in iúl roimh ré do chomhaltaí an ghrúpaí cén comhalta foirne a bheadh ag freastal ar an gcruinniú agus cén gníomh den Tionscnamh um Cheartas Aeráide a mbeidís ag dul i gcomhairle leis an ngrúpa ina leith. Bhuail comhaltaí foirne a d'fhreastail ar chruinnithe Éicea-Chomhchoiste Foróige le héascaitheoir an chomhchoiste roimh ré chun ullmhúchán a dhéanamh don chruinniú agus lena chinntiú go raibh an láithreoireacht, na modheolaíochtaí éascaithe agus na ceisteanna comhairliúcháin oiriúnach do riachtanais an ghrúpa agus oiriúnach chun tionchar a imirt ar threo an Tionscnaimh um Cheartas Aeráide.
- Úsáideadh modheolaíochtaí éagsúla lena chinntiú go raibh roghanna difriúla ag comhaltaí grúpa chun a gcuid tuairimí, dearcthaí agus tuiscintí a chur in iúl i rith gach cruinnithe. Áiríodh ina measc seo pléghrúpaí móra agus beaga, cláir bhána idirghníomhacha, físeáin, feidhmeanna comhrá agus deis a thabhairt do gach comhalta foirne a dtuairimí a roinnt. Trí mhodheolaíochtaí éagsúla a úsáid cinntíodh go raibh deis cainte ag gach duine óg.

## POBAL

- Rinne an Stiúrthóir Clár agus Taighde láithreoireacht ag céad chruinniú d'Éicea-Chomhchoiste Foróige agus rinneadh cur síos soiléir ar na réimsí ina mbeadh tionchar ag tuairimí an ghrúpa ar Thionscnamh um Cheartas Aeráide Foróige, agus conas a bheadh tionchar aige sin ar an eagraíocht iomlán ina dhiaidh sin.
- Chomh maith leis sin, bunaíodh coiste stiúrtha inmheánach don Tionscnamh um Cheartas Aeráide agus páirteach ann bhí comhaltaí foirne, foireann bhainistíochta agus Foireann Bhainistíochta Sinsearach Foróige, atá freagrach as gníomhartha faoin Tionscnamh um Cheartas Aeráide. Cuireadh in iúl d'Éicea-Chomhchoiste Foróige go raibh an grúpa seo bunaithe agus go mbeadh tuarascáil maidir lena gcruinnithe á gcur i láthair a n-ainmní tacaíochta foirne ag gach cruinniú de chuid ghrúpa stiúrtha an Tionscnaimh um Cheartas Aeráide.

*ar lean*

- Bhí an t-ainmní tacaíochta foirne a d'éascaigh an grúpa in ann a chinntiú go raibh rannpháirtíocht idir na cinnteoirí cuí agus na daoine óga i rith an phróisis.
- D'fhreastail na comhaltaí foirne atá freagrach as an Tionscnamh um Cheartas Aeráide ar chruinnithe Éicea-Chomhchoiste Foróige agus ghlac siad páirt i gcomhairliúcháin agus i bplé maidir le réimsí cosúil le forbairt clár, Seicliosta agus Gradaim um Cheartas Aeráide, cúrsaí oiliúna do dhaoine fásta agus daoine óga, feachtas meán sóisialta, sraith podchraoltaí agus Comhdháil Dhigiteach Óige. Ag gach cruinniú, tarraingíodh aird daoine óga ar conas a bheadh tionchar ag a gcuid tuairimí, smaointe agus tuiscintí ar gach céim den phróiseas.
- Ag an gcruinniú ar líne de Phainéal Tagartha Foróige i mí Dheireadh Fómhair, rinne comhaltaí d'Éicea-Chomhchoiste Foróige cur síos ar a ról, mhínigh siad ceartas aeráide, agus labhair siad faoin difríocht dhearfach is féidir le daoine óga a dhéanamh i ndáil le ceartas aeráide agus na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí éagsúla faoi Thionscnamh um Cheartas Aeráide Foróige. Chomh maith leis sin, fiafraíodh den ghrúpa aiseolas agus smaointe a roinnt maidir leis an gComhdháil Dhigiteach Óige, agus maidir le conas is fearr rannpháirtíocht daoine óga in Foróige maidir leis an gceartas aeráide a úsáid.
- D'oibrigh Éicea-Chomhchoiste Foróige le comhaltaí foirne ó roinn Margaíochta agus Cumarsáide Foróige chun taighde a dhéanamh ar, script a scríobh dá shraith podchraoltaí 10 n-eipeasóid faoi cheartas aeráide dar 'Future-Proof Living' agus an tsraith a chur i láthair. Tá an tsraith podchraoltaí ar fáil ar na hardáin podchraoltaí ar fad.
- Sholáthair comhalta d'Éicea-Chomhchoiste Foróige ionchur agus nuashonrú maidir le gníomhaíocht an ghrúpa agus gníomhartha an Tionscnaimh um Cheartas Aeráide ag cruinniú de chuid Bhord Foróige.

## TIONCHAR

- Rinne Éicea-Chomhchoiste Foróige moltaí maidir le gach gné den Tionscnamh um Cheartas Aeráide. Áiríodh anseo:
  - » cuma agus dearadh na brandála ar fad;
  - » ábhar Chlár Seasmhachta na Todhchaí Foróige;
  - » ábhar agus modheolaíochtaí úsáidte sna cláir oiliúna do chomhaltaí foirne agus oibrithe deonacha chun Clár Seasmhachta na Todhchaí Foróige a éascú;
  - » ábhar agus modheolaíochtaí úsáidte don Cheardlann um Cheartas Aeráide do chomhaltaí foirne agus d'oibrithe deonacha;
  - » ábhar agus próiseas Sheicliosta um Cheartas Aeráide Seasmhachta na Todhchaí Foróige;
  - » imlíne, ábhar agus liosta aíonna do Chomhdháil Dhigiteach Óige Seasmhachta na Todhchaí Foróige;
  - » aíonna, taighde, scriptiú agus láithriú na sraithe podchraoltaí *Future-Proof Living* Foróige.
- Cuireadh nótaí ó na cruinnithe ar fad i dtoll a chéile agus cuireadh tuarascáil i láthair ag gach cruinniú de chuid an choiste stiúrtha inmheánach um cheartas aeráide. Sheiceáil an t-ainmní tacaíochta don ghrúpaí go raibh na nótaí beacht agus go raibh tuairimí agus tuiscintí á dtaifeadadh i gceart.

*ar lean*

- Sholáthair na comhaltaí foirne, oibrithe deonacha agus saineolaithe seachtracha a d'fhreastail ar chruinnithe Éicea-Chomhchoiste Foróige aiseolas don ghrúpa maidir le conas a úsáideadh nó nár úsaideadh a dtuairimí, smaointe agus tuiscintí, trí thuarascálacha scríofa agus/nó freastal ar chruinnithe leantacha.
- Bhí 'nuashonruithe' luaite mar chuid de chlár gnó gach cruinniú d'Éicea-Chomhchoiste Foróige. Bealach ba ea é seo lena chinntiú go raibh obair an ghrúpa bunaithe ar chinntí críochnaitheacha ag gach céim d'fhorbairt na ngníomhartha éagsúla faoin tionscnamh.

## 4. Ceachtanna foghlamtha

- Nuair a bhí machnamh agus meastóireacht á ndéanamh ar an tionscnamh seo, ceann de na príomhréimsí ar tharraing gach duine aird air an tábhacht a bhain le cúrsaí ama; pleanáil a dhéanamh agus a chinntiú go raibh dóthain ama ann le haghaidh 'spás, guth, pobal agus tionchar' lánbhrí.
- Páirteach sa tionscnamh seo bhí páirtithe leasmhara éagsúla agus tionscadail éagsúla a bhí ar siúl ag an am céanna, gach ceann acu dírithe ar spriocdháta. Ar ndóigh, thóg sé níos mó ama cuid de na tascanna a chur i gcrích ná mar a síleadh. Mar a tharlaíonn i ndáil le formhór na samhlacha maoinithe, cuimsíodh sna critéir a bhí luaite le Ciste um Cheartas Aeráide i leith an Aosa Óige na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige an riachtanas go mbeadh maoiniú deontais á chaitheamh laistigh d'amfráma agus faoi spriocdháta. Uaireanta, chuir sé seo brú ar ghrúpa Éicea-Chomhchoiste Foróige agus éascaitheoirí an ghrúpa a chinntiú go raibh aird á tabhairt ar cheithre réimse an chreata agus go 'raibh an obair á cur i gcrích freisin'.
- Is léir go n-éilíonn rannpháirtíocht am agus, mar a tharlaíonn go minic, níos mó ama ná mar a síleadh ar dtús. Uaidh seo amach, ní mór a chur san áireamh go bhféadfadh rudaí gan choinne tarlú agus é seo a chur san áireamh in amlíne an tionscadail. Cabhróidh sé seo lena chinntiú go bhfuil dóthain ama agus spáis ag daoine óga a bheith rannpháirteach i ngach gné de chinnteoireacht.

# Rannpháirtíocht daoine óga i bhforbairt Chlár Samhna i gCaifé Óige Lava Javas, Cathair Luimnigh

## Seirbhís Óige Luimnigh

### 1. Sainaithint na topaice

- Is caifé óige i lár chathair Luimnigh é Lava Javas atá dírithe ar dhaoine óga atá idir 14 agus 19 mbliana d'aois.
- Tá ochtar daoine óga páirteach i gCoiste Óige Lava Javas a bhuaileann le chéile gach seachtain chun cúrsaí ar ábhar spéise iad faoi láthair a phlé, mar fhoireann tacaíochta do dhaoine óga i gcaifé óige Lava Javas. Páirteach sa choiste seo tá cúigear cailíní agus triúr buachaillí atá idir 15 agus 19 mbliana d'aois. Tá na daoine óga seo ag freastal ar scoileanna éagsúla agus is as ceantair dhifriúla i Luimneach iad.
- Chinn an Coiste Óige go mbeadh sé go deas imeacht a reáchtáil i rith na Samhna do phobal daoine óga chaifé óige Lava Javas chun deis a thabhairt dóibh tamall a chaitheamh i gcomhluadar a chéile i spás sábháilte, cairdiúil, saor ó dhrugaí agus alcól. Chomh maith leis sin, shíl siad gur deis mhaith a bheadh ann an t-imeacht seo a reáchtáil mar 'imeacht athoscailte' Lava Javas ó tharla go raibh oibrí óige nua anois i mbun an tionscadail a rith, agus go raibh an caifé oscailte go hiomlán. Bhíothas ag súil go dtosódh níos mó daoine ag freastal ar an gcaifé ar bhonn níos comhsheasmhaí mar thoradh ar an imeacht seo, trí léargas a thabhairt ar an méid is féidir a thairiscint do dhaoine óga, agus fógraíocht a dhéanamh ar líne.
- Chinn siad tuairimí grúpaí níos leithne daoine óga a fháil trí dhul i gcomhairle leo maidir le cén cineál imeachta ba cheart a reáchtáil i rith na Samhna.
- Ar an 23 Deireadh Fómhair 2019, d'fhorbair comhaltaí an Choiste Óige dréacht-cheisteanna comhairliúcháin agus reáchtáladh an modh agus na ceisteanna mar ghrúpa ar bhonn píolótach. I ndiaidh an ghrúpa phíolótaigh a reáchtáil, athraíodh an modh agus na ceisteanna ar roinnt bealaí. Úsáideadh an modh agus na ceisteanna athbhreithnithe chun dul i gcomhairle le grúpa níos leithne daoine óga a úsáideann an caifé óige.
    - » Topaic: Imeacht na Samhna in Lava Javas – Abair leat.
    - » Ceisteanna:
      1. Céard iad na gníomhaíochtaí Shamhna ba mhaith leat a fheiceáil ag cóisir na Samhna in Lava Javas?
      2. I do thuairim féin, céard é an t-am is fearr den lá chun cóisir na Samhna a reáchtáil?
- Ar an 25 Deireadh Fómhair 2019, chuathas i gcomhairle le 55 duine óg maidir leis an topaic 'Imeacht na Samhna in Lava Javas – Abair leat' i rith oíche an chaifé óige. Tháinig na daoine óga seo a bhí idir 14 agus 19 mbliana d'aois chuig an gcaifé as ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh, agus líon beag daoine óga as An Clár agus Corcaigh. Bhain na daoine óga seo le déimeagrafaic éagsúil agus bhí fir, mná agus daoine neamh-dhénártha ina measc.

### 2. Rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht

- Ba iad pobal (cinnteoirí) an chomhairliúcháin agus an imeachta seo na hoibrithe óige agus daoine óga ar an gcoiste, a raibh baint lárnach acu leis an bpróiseas comhairliúcháin. Ghlac na cinnteoirí go dáiríre le tuairimí agus smaointe gach duine óig.
- Chuir an coiste plean imeachtaí i dtoll a chéile, a áiríodh ann an oiread smaointe agus ab fhéidir ón gcomhairliúchán.

### 3. Conas a lorgaíodh tuairimí na ndaoine óga, agus conas a raibh tionchar acu ar na cinntí?

#### SPÁS

- Tá caifé óige Lava Javas á rith ag daoine óga le haghaidh daoine óga.
- Bhí na daoine óga ón gcoiste páirteach san obair ón tús agus chabhraigh siad le cinneadh a dhéanamh maidir leis an topaicí agus na ceisteanna.
- Bhí an coiste rannpháirteach i rith an phróisis ar fad, i reáchtáil an chomhairliúcháin níos leithne le 55 duine óg agus in úsáid thorthaí an chomhairliúcháin chun imeacht na Samhna a dhearadh.
- Bhí spéis ag na daoine óga a bhí páirteach sa choiste, agus ag na daoine óga a d'fhreastail ar an gcomhairliúchán, sa tsaincheist mar go raibh tionchar díreach aici orthu. Bhí siad ar fad in ann cur síos a dhéanamh ar conas ba mhaith leo an t-imeacht a reáchtáil.
- Bhí an próiseas an-ionchuimsitheach.
- Mhothaigh comhaltaí an chaifé go raibh siad sábháilte nuair a bhí a dtuairimí á roinnt acu mar go raibh siad i dtimpeallacht chompordach agus neamhfhoirmiúil.
- Chinntigh gach comhalta den choiste gur scríobh gach duine a gcuid tuairimí ar na ballaí. Thacaigh siad leis na daoine óga má bhí cúnamh ag teastáil uathu le focail a litriú, agus tugadh neart spáis agus ama dóibh chun a dtuairimí a scríobh.

#### GUTH

- Ar an 25 Deireadh Fómhair 2019, reáchtáil an coiste comhairliúchán le 55 úsáideoir óg an chaifé, trí úsáid a bhaint as cur chuige spás oscailte chun tuairimí na ndaoine óga a bhí ag teacht agus imeacht i gcaitheamh an tráthnóna a thaifeadadh.
- Crochadh dhá bhileog smeach-chairte ar an mballa ar a raibh ceisteanna an chomhairliúcháin scríofa:
- Céard iad na gníomhaíochtaí Shamhna ba mhaith leat a fheiceáil ag cóisir na Samhna in Lava Javas?
- I do thuairim féin, céard é an t-am is fearr den lá chun cóisir na Samhna a reáchtáil?
- Tugadh deis do dhaoine aonair a gcuid smaointe a scríobh ar nótaí Post-it ar an oíche, agus chiallaigh sé seo nach raibh ainm duine ar bith luaite le smaoineamh ar bith.
- Deis ba ea na ceisteanna do na daoine óga cibé smaoineamh a rith leo a scríobh.
- I dtreo dheireadh an tráthnóna, d'eagraigh comhaltaí an choiste na nótaí Post-it i gcatagóirí ar an mballa ionas go raibh comhaltaí an chaifé in ann smaointe gach duine a fheiceáil go soiléir. Bealach é seo lena chinntiú go raibh a fhios ag gach duine sa chaifé go raibh tionchar ag a dtuairimí ar na catagóirí.
- Úsáideadh foirm mheastóireachta, an modh meastóireachta 'mo thuairim', chun eolas a bhailiú faoi thuairim na ndaoine óga faoi chomhairliúchán spás oscailte na Samhna.

#### POBAL

- Ba iad na cinnteoirí a bhí luaite leis an imeacht seo an t-oibrí óige agus an coiste óige.
- Bhí a fhios ag na daoine óga a thug a dtuairim maidir le himeacht na Samhna cé a bhí ag lorg a dtuairimí uathu agus cén fáth.
- Gheall na cinnteoirí glacadh go dáiríre le tuairimí agus smaointe gach duine óig.

*ar lean*

- I ndiaidh an chomhairliúcháin níos leithne leis an 55 duine óg, phléigh comhaltaí an choiste óige an fhéidearthacht a bhain leis na moltaí a cuireadh ar fáil i rith an chomhairliúcháin ag caifé óige Lava Javas.
- Díríodh ar gach catagóir agus d'fhorbair comhaltaí an choiste plean lena chinntiú gur cuireadh an oiread smaointe agus tuairimí ab fhéidir san áireamh in imeacht na Samhna. Chinn siad go n-úsáidfí na smaointe nach bhféadfaí a áireamh in imeacht na Samhna i rith imeachtaí nó gníomhaíochtaí a bheadh a reáchtáil i Lava Javas amach anseo.
- Cuireadh gach úsáideoir an chaifé óige ar an eolas maidir le ham an imeachta agus na gníomhaíochtaí a bheadh le cur san áireamh roimh imeacht na Samhna.

## INFLUENCE

- Nuair a fiafraíodh de na daoine óga a dtuairimí a roinnt, cuireadh in iúl dóibh go mbeadh an t-imeacht á reáchtáil i gcaifé óige Lava Javas, rud a thug deis dóibh moltaí a dhéanamh a d'fhéadfadh oibriú sa spás.
- Taifeadadh sa mheastóireacht, a comhlánaíodh ag deireadh an chomhairliúcháin, conas a bhraith na daoine óga faoi bheith rannpháirteach agus cluas éisteachta a bheith á tabhairt dóibh.
- Rinneadh nóta i scríbhinn de thuairimí na ndaoine óga an oíche a reáchtáladh an comhairliúchán.
- Rinneadh breithniú cuí ar gach smaoineamh.
- Forbraíodh amchlár imeachtaí i scríbhinn ar a raibh liosta de na gníomhaíochtaí ar fad. Bealach ba ea é seo lena chinntiú go raibh na daoine óga ar an eolas faoin méid a bhí tar éis tarlú mar fhreagairt dá gcuid smaointe a roinneadh i rith an chomhairliúcháin.
- Mhínigh comhaltaí an choiste do na daoine óga a ndeacthas i gcomhairle leo na cúiseanna nár cuireadh roinnt dá gcuid smaointe san áireamh san imeacht agus céard a dhéanfaí leis na smaointe sin. Úsáideadh roinnt de na smaointe seo ag imeachtaí a reáchtáladh sna seachtainí i ndiaidh imeacht na Samhna (e.g. oíche scannáin na Nollag, maisiú cístíní cupa don Nollaig agus maisiú cístíní cupa do Lá Fhéile Vailintín).

## Príomhthorthaí – Comhairliúchán

### Ceist 1

**Cad iad na gníomhaíochtaí Oíche Shamhna ar mhaith leat a bheith ag cóisir Oíche Shamhna de chuid Lava Java?**

- Péinteáil aghaidheanna (x14)
- Tráth na gCeist (x7)
- BIA – Bairín breac, milseáin agus Cóc
- EALAÍN – déan do mhasc féin (x2)
- Comórtas bréigéide/feistis (x11)
- CLUICHÍ OÍCHE SHAMHNA: tumadh le haghaidh úll (x7), úll a chrochadh ón tsíleáil (x2), cluiche fíonchaor agus plúir (x3)
- Folach bíog
- BÁCÁIL – Borróga Oíche Shamhna a mhaisiú
- CEOL – Karaoke, beo, déan seinnliosta cheol Oíche Shamhna
- Smideadh éifeachtaí speisialta
- SCANNÁIN – x13 (Hocus Pocus x1)
- XBOX – Comórtas Fifa
- Maisiúcháin Oíche Shamhna

### Ceist 2

**Cad é an t-am is fearr sa lá chun cóisir Oíche Shamhna a eagrú?**

- Dúirt 50% de dhaoine óga go mbeadh 3pm ar fheabhas chun tosú
- B'fhearr le 40% idir 4pm agus 7pm
- Dúirt 5% 2pm chun tosú
- Dúirt 5% 8pm chun críochnú

*Ón méid sin, rinneadh an cinneadh go bhfreastalóidh 3pm go 7pm ar fhormhór na ndaoine óga.*

## 4. Ceachtanna foghlamtha

- D'fhéadfaí modh comhairliúcháin dhifriúil a roghnú le fáil amach amach an n-éiríonn chomh maith leis agus a d'éirigh leis an modh seo.
- D'fhéadfaí na ceisteanna a chur i láthair ar phíosa páipéir níos mó ionas go mbeadh daoine in ann iad a léamh níos éasca.
- Ní raibh leisce ar bith ar na daoine an cheist oscailte ag an deireadh a fhreagairt. An chéad uair eile, d'fhéadfaí an dara ceist a chur leis lena chinntiú go bhfuil dóthain spáis acu chun a dtuairimí maidir leis an gcomhairliúcháin a roinnt.

# Rannpháirtíocht daltaí i gcinneadh a dhéanamh maidir le héide scoile nua

## Meánscoil Salerno, Bóthar na Trá, Gaillimh

### 1. Sainaithint na topaice

- Bhraith daltaí, comhaltaí foirne, tuismitheoirí, foireann bhainistíochta agus comhaltaí eile de phobal na scoile nach raibh ionadaíocht chuí á déanamh ag an éide scoile ar Salerno níos mó, de bhrí go raibh cuma mhíghairmiúil, mhíshlachtmhar agus sheanchaite uirthi. Go háirithe, ní raibh na daltaí bródúil as a n-éide scoile. Cuireadh tús go hoifigiúil le próiseas comhairliúcháin i mí Eanáir 2015. I mí Mheán Fómhair 2015, thairg Salerno rogha oifigiúil do na daltaí bríste a chaitheamh mar chuid d'éide scoile athbhreithnithe.
- Roimh 2015, sciorta seic díreach nó bríste spóirt an éide scoile a bhí ceadaithe le geansaí glas olla nó geansaí spóirt geirsí. Bróga reatha nó buataisí boga a bhí á gcaitheamh, a bhí faiseanta ag an am.
- Chinn formhór na ndaltaí bríste spóirt agus geansaí spóirt a chaitheamh mar go raibh siad compordach agus te. Ní raibh mórán tóra ar an sciorta mar go raibh sé díreach, trom agus mí-oiriúnach do chruthanna agus do thomhais éagsúla – "ní raibh sé oiriúnach do gach duine". Shíl daltaí nach raibh an sciorta go deas agus go raibh sé míchompordach. Go ginearálta, áfach, bhí na bríste spóirt rófhada do dhaltaí agus bhíodh siad stróicthe agus sractha.
- Chuir daltaí in iúl don fhoireann go raibh siad compordach ach go cuma mhíshlachtmhar orthu agus go mbíodh daoine ag breathnú ar an gcuma a bhí ar a gcultacha spóirt ar an mbus scoile.
- Chomh maith leis sin, shíl an fhoireann bhainistíochta go raibh sé in am rogha éide scoile níos sruthlínithe a chur ar fáil.

### 2. Rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht

- Is iad na príomhchinnteoirí sa scoil an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide, na comhaltaí foirne agus an fhoireann bhainistíochta.
- Cinnteoirí tábhachtacha eile sa phróiseas seo ba ea iad na daltaí.
- Ba í an príomhdhuine a bhí freagrach as athrú na héide scoile an iarmhúinteoir Spáinnise, Bridie Higgins. Chuaigh sise i mbun comhairliúcháin le gach comhalta de phobal na scoile agus phléigh sí cúrsaí le soláthróirí na héide scoile.

### 3. Conas a lorgaíodh tuairimí na ndaoine óga, agus conas a raibh tionchar acu ar na cinntí?

#### SPÁS

- D'eascair an próiseas chun an éide scoile in Salerno a athrú as cumarsáid neamhfhoirmiúil le daltaí sa seomra ranga agus go hoifigiúil trí chomhairle na ndaltaí agus na gcinnirí.
- Tugadh cuireadh do dhaltaí a bheith páirteach sa phróiseas trí cheistneoir a fhreagairt maidir lena dtuairimí faoi éide scoile agus faoi chineál agus stíl na héide scoile.
- Scaip Bridie an ceistneoir i measc sampla ionadaíoch daltaí, a áiríodh ann comhairle na daltaí agus cinnirí, agus seo thíos na ceisteanna a cuireadh:
    - » an raibh éide scoile ag teastáil uathu;
    - » ar mhaith leo dá mbeadh seaicéad oifigiúil Salerno ar fáil;
    - » ar mhaith leo dá mbeadh rogha ann bríste a chaitheamh; agus
    - » céard a shíl siad faoi na roghanna a bhí ar fáil i láthair na huaire.

- Chomh maith leis sin, scaip Bridie suirbhé i measc chomhaltaí chomhairle na dtuismitheoirí agus na gcomhaltaí foirne.
- Ba léir ó na torthaí go raibh éide scoile ag teastáil, an rogha bríste a chaitheamh, éide a bhí níos sruthlínithe agus seaiceád agus scairf oifigiúil scoile.
- Bhí na daltaí páirteach sa phróiseas a bhain leis na fabraicí agus na fréamhshamhlacha don éide scoile a thástáil.
- Nuair a bhí an rogha laghdaithe, rinneadh fréamhshamhlacha agus chaith sampla ionadaíoch daltaí iad ionas go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh maidir leis an stíl agus déanamh is fearr trí thuairimí na ndaltaí eile a fháil.
- Chaith siad súil ar roinnt cótaí éagsúla freisin: ba é an seaiceád glas uiscedhíonach, líneáilte le lómra rogha na coitiantachta.

## GUTH

- Tá guth na ndaltaí le cloisteáil go hard in Salerno mar go bhfuil comhairle daltaí agus cinnirí bunaithe. Tá caidreamh láidir, seanbhunaithe idir na múinteoirí agus na daltaí.
- Buaileann an chomhairle le chéile uair sa tseachtain nó gach dara seachtain. Bíonn clár gnó an chruinnithe dírithe den chuid is mó ar ábhar na mboscaí moltaí a phlé. Cuirtear boscaí moltaí i ngach mbloc agus moltar do dhaltaí a gcuid smaointe, aiseolais, tuairimí nó ábhar imní a roinnt. Léitear na moltaí amach os ard ag cruinnithe na comhairle. Tugann an próiseas seo deis do dhaltaí saincheisteanna ar mhaith leo go ndéileálfaí leo a shainaithint.
- Ón smaoineamh tosaigh a bhain leis an éide scoile a athrú go dtí cur i gcrích an phróisis, gné thábhachtach den phróiseas ba ea guth na ndaltaí.
- Chinntigh Bridie go raibh guth na ndaltaí le cloisteáil i rith an phróisis trí dhul i gcomhairle le sampla ionadach daltaí ó bhlianta difriúla, agus comhairle na ndaltaí, na cinnirí a chur san áireamh.
- Bhí an teanga a úsáideadh sna ceistneoirí a lorg tuairimí na ndaltaí soiléir agus aoisoiriúnach.
- Tugadh deis do dhaltaí meastóireacht a dhéanamh ar na roghanna don éide scoile agus aiseolas a thabhairt maidir leis an bhfabraic, an stíl agus gnéithe eile. Taispeánadh fabraicí agus dathanna samplacha dóibh ar dtús, roinnt fabraicí glasa agus roinnt fabraicí breacáin.

## POBAL

- Cuimsítear in éiteas Salerno guth an dalta a chur san áireamh ar bhonn tosaíochta. Ní bhíonn aon deacracht ag daltaí cumarsáid a dhéanamh le comhaltaí foirne. Chiallaigh na línte oifigiúla, seanbhunaithe idirghníomhaíochta idir na daltaí, an chomhairle agus an fhoireann bhainistíochta go raibh cúrsaí cumarsáide soiléir agus inrochtana.
- Glacann an Príomhoide (an tSiúr Gerarda Lawler) agus an Leas-Phríomhoide (Marie Flannery, Uasal) páirt i gcruinnithe chomhairle na ndaltaí ó am go ham. Tugann sé seo deis do na daltaí a chinntiú go bhfuil an fhoireann bhainistíochta airdeallach ar an méid atá á rá acu. Chomh maith leis sin, is fianaise é go bhfuil an fhoireann bhainistíochta ag éisteacht lena nguth agus gur dóigh leo go mbaineann tábhacht lena nguth.
- Chomh maith leis sin, tugtar cuireadh do chomhairle na ndaltaí bualadh leis an mBord Bainistíochta chun eolas maidir lena bpleananna don bhliain a roinnt leo agus maidir leis an méid is mian leo a chur i gcrích.

*ar lean*

- I rith na bpróiseas comhairliúcháin maidir leis an éide scoile nua, chinntigh Bridie gur pléadh cúrsaí leis na daltaí ar dtús, de bhrí gurb iad sin na daoine a mbeadh tionchar díreach ag na hathruithe orthu.
- Gheal an Príomhoide agus an fhoireann bhainistíochta glacadh go dáiríre le tuairimí na ndaltaí maidir leis an éide scoile.

### TIONCHAR

- Bhí tuairimí na ndaltaí ag croílár an chinnidh a rinneadh an éide scoile a athrú. Thionscain siad an t-athrú agus chuathas i gcomhairle leo ag gach céim den phróiseas.
- Cuimsíodh raon leathan rannpháirtithe i suirbhéanna Bridie – comhairle na ndaltaí, daltaí, comhaltaí foirne agus tuismitheoirí.
- Breithníodh an t-aiseolas ar fad a fuarthas ó na daltaí agus cuireadh moltaí cuí i bhfeidhm. Chomhaontaigh an Príomhoide le rogha nárbh é an rogha a bheadh déanta aici féin ar dtús, an rogha a rinne na daltaí.
- Ar deireadh, roghnaíodh sciorta breacáin le pléata ón gcromán síos, sciorta a bhí níos inchaite ná an dearadh a bhí ann roimhe sin, agus bríste déanta den fhabraic chéanna.
- Tá tionchar thuairimí na ndaltaí le feiceáil i stíl, dath agus gnéithe na héide scoile atá á caitheamh ag daltaí in Salerno i láthair na huaire. Tá éide scoile á caitheamh ag na daltaí atá compordach agus a chiallaíonn go mbraitheann siad gur leo an éide scoile sin, gur ábhar bróid an éide scoile agus gur cuid de phobal na scoile iad.
- Ní hamháin go ndearna na daltaí cinneadh maidir leis an athrú bhí baint lárnach acu leis an bpróiseas freisin. Bhí tionchar díreach acu ar an dath, stíl agus fabraic a úsáideadh don éide scoile trí mheastóireacht a dhéanamh ar fhréamhshamhlacha agus moltaí a thabhairt. Cuireadh moltaí na ndaltaí go léir san áireamh, lena n-áirítear an t-iarratas a rinne siad go mbeadh zip ar phócaí na mbrístí chun earraí pearsanta a choinneáil sábháilte.

## 4. Ceachtanna foghlamtha

- Bhí drogall ar dhaltaí na brístí a chaitheamh ar dtús ach nuair a chonacthas Kate Middleton ag caitheamh stíl mórán mar an gcéanna, thosaigh níos mó daltaí á gceannach.

## 5. Forbairtí ina dhiaidh sin

- Tá 5 bliana caite anois ó athraíodh an éide scoile, agus tá cuma na maitheasa ar an éide fós. Mothaíonn na daltaí compordach ó lá go lá (nuair a bhíonn siad ag taisteal chun na scoile, sa seomra ranga nó ag staidéar, mar shampla).
- Tá cuma ghairmiúil ar an éide scoile agus mothaíonn na daltaí go bhfuil siad páirteach i bpobal na scoile nuair a bhíonn an éide scoile á caitheamh acu.
- Bhí an próiseas cumarsáide agus athraithe eagraithe agus curtha i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach: d’fhéadfadh sé seo cabhrú linn rannpháirtíocht daltaí i gcinntí a dhéanfar faoin scoil amach anseo a phleanáil.

# Rannpháirtíocht daoine óga sa chéad straitéis óige LGBTI+ ar domhan a chur i bhfeidhm

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

### 1. Sainaithint na topaice

Is é an Creat Beartais Náisiúnta Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile do Leanaí agus Daoine Óga 2014–2020 (BOBF) an fhís atá mar bhonn leis an gcéad straitéis óige LGBTI+ ar domhan, an Straitéis Náisiúnta Óige LGBTI+ 2018–2020 (an Straitéis), a d'eascair as Clár an Rialtais 2016 don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) roimhe seo. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis a chinntiú go bhfuil gach duine óg LGBTI+ sofheicthe, go bhfuil luach ag baint lena saol agus go bhfuil siad curtha san áireamh. Bhí ról lárnach ag rannpháirtíocht agus cuimsiú daoine óga i bhforbairt na Straitéise agus i gcur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí. Bhí cuspóir lánbhrí mar bhonn le rannpháirtíocht daoine óga sa phróiseas seo, a raibh torthaí follasacha dá thoradh.

D'fhonn a chinntiú go raibh ról lárnach ag daoine óga i gcruthú agus i bhforbairt na Straitéise, bunaíodh Grúpa Comhairleach Óige (Youth Advisory Group, YAG) i gcomhpháirt le BeLonG To agus Comhairle Náisiúnta na nÓg. Sholáthair YAG léargas criticiúil ar an bpróiseas pleanála straitéisí bunaithe ar dhearcadh daoine óga in Éirinn. Bhí 14 duine óg páirteach sa ghrúpa a sholáthar comhairle maidir le próiseas forbartha na Straitéise ar bhonn leantach, agus leagadh béim ar leith ar chomhairliúchán le daoine óga. Chomh maith leis sin, bhí triúr ionadaithe ón ngrúpa páirteach sa Choiste Maoirseachta (bunaithe chun cabhrú le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt na Straitéise). Chomh maith lena a gcuid tuairimí féin a chur ar fáil, chabhraigh YAG le pleanáil agus le soláthar seacht n-imeacht chomhairliúcháin óige a réachtáladh ag suíomhanna éagsúla ar fud na tíre, a bhfuil na torthaí cuí san áireamh, i dteannta le torthaí suirbhé óige a rinneadh ar fud na tíre, sa *Straitéis Náisiúnta Óige LGBTI+ — Tuarascáil maidir leis na Comhairliúcháin le Daoine Óga in Éirinn*.

I ndiaidh críoch a chur le cruthú agus forbairt na Straitéise, reáchtáladh próiseas cinnteoireachta maidir lena cur i bhfeidhm, a raibh ról lárnach ag rannpháirtíocht daoine óga ann. Éascaíodh é seo trí rannpháirtíocht i bhFóram Óige.

De réir dea-chleachtas rannpháirtíochta óige, bhunaigh DCEDIY Coiste Comhairleach Óige eatramhach chun cabhrú le Fóram Óige LGBTI+ a phleanáil agus a dhearadh. Bhí sé mar aidhm ag an bhFóram ionadaíocht a dhéanamh ar gach duine óg LGBTI+; ainmníodh agus earcaíodh daoine ó chúlraí difriúla (eitneachtaí, gnéasachtaí, féiniúlachtaí inscne) as ar fud na hÉireann. Bhí 25 duine óg (idir 16 agus 22 bliain d'aois) ón bpobal LGBTI+ páirteach san Fhóram. Bhuail comhaltaí an Fhóraim le chéile den chéad uair i Meán Fómhair 2019.

Is é ról an Fhóraim Óige tacú le cur i bhfeidhm gníomhartha ar leith a bhfuil DCEDIY freagrach astu laistigh den Straitéis. (Tá cur síos déanta ar na gníomhartha seo faoi Chuspóir 1: Timpeallacht shábháilte, thacúil agus ionchuimsitheach a chruthú do dhaoine óga LGBTI+, Cuspóir 5: Timpeallacht níos tacúla agus níos ionchuimsithí a sholáthar a spreagann ionadaíocht agus rannpháirtíocht dhearfach LGBTI+ i gcultúr, sa tsochaí agus i spórt, agus a laghdaíonn stiogma LGBTI+.) Áiríodh i measc na ngníomhartha greamán fáilte, clár ceannaireachta agus imeacht óige débhliantúil a reáchtáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar dhaoine óga LGBTI+. Chomhaontaigh comhaltaí an ghrúpa na téarmaí tagartha a bhaineann le cuspóir agus freagrachtaí an ghrúpa ag an gcéad chruinniú den Fhóram. Úsáideadh ceithre phríomhghné Shamhail Lundy i bpróiseas cinnteoireachta comhchoiteanna a bhí dírithe ar rannpháirtíocht an Fhóraim i gcur i bhfeidhm na Straitéise.

### 2. Rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht

Bhí roinnt cinnteoirí páirteach i gcur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta Óige LGBTI+ 2018-2020:

- DCEDIY agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag an am sin, agus an tAire Leanaí, Míchumais, Comhionannais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige
- Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais Óige Eile a raibh baint acu leis an Straitéis
- Daoine Óga YAG
- Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna).

### 3. Conas a lorgaíodh tuairimí na ndaoine óga, agus conas a raibh tionchar acu ar na cinntí?

#### SPÁS

- I rith na gcéimeanna forbartha agus cur i bhfeidhm, lorgaíodh tuairimí daoine óga chomh luath agus ab fhéidir sa phróiseas cinnteoireachta. Cinntíodh é seo trí dheis rannpháirtíochta a thabhairt do dhaoine óga i luathchéimeanna pleanála na straitéise le haghaidh YAG agus deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach san earcaíocht don Fhóram Óige, agus i mbunú agus i gcur i bhfeidhm an Fhóraim freisin.
- Nuair a bhí an Fóram bunaithe, chomhaontaigh na comhaltaí ar na téarmaí tagartha a bhaineann le cuspóir agus freagrachtaí an ghrúpa (ag an gcéad chruinniú), agus cinntíodh go ndeacthas i gcomhairle le daoine óga maidir leis an gclár oibre a bhain le cinnteoireacht ón tús.
- Le tacaíocht ó eagraíochtaí LGBTI+, rinneadh iarrachtaí suntasacha ionadaíocht a dhéanamh ar gach duine óg LGBTI+; ainmníodh agus earcaíodh daoine ag a raibh cúlraí difriúla (eitneachtaí, gnéasachtaí, féiniúlachtaí inscne) as ar fud na hÉireann chun páirt a ghlacadh san Fhóram Óige. D'éascaigh sé seo rannpháirtíocht daoine óga a bhfuil tionchar díreach ag na cinntí a dhéantar orthu.
- Leanadh le rannpháirtíocht daoine óga a chinntiú trí chomhairliúchán idirghníomhach leantach ag cruinnithe an Fhóraim Óige ag deireadh 2019 agus i rith 2020. Bhí na héascaitheoirí cairdiúil agus fáilteach nuair a tháinig na daoine óga ag na cruinnithe agus baineadh tairbhe as cluichí neamhfhoirmiúla ag an tús ionas go mbeadh na daoine óga níos compordaí sna spásanna cruinnithe. Cuireadh an lucht freastail eile ar fad in aithne do na daoine óige lena chinntiú go dtuigfeadh comhaltaí an Fhóraim cé hiad na daoine eile a bhí i láthair agus cén fáth a raibh siad i láthair. Ar mhaithe le hatmaisféar ionchuimsitheach a chruthú, úsáideadh ainmchlibeanna ar a raibh forainmneacha scríofa ionas go mbeadh daoine óga ar a gcompord an forainm a bhain leo féin a roinnt lena chéile. Mar gheall ar Covid-19 in 2020, bhuail comhaltaí an Fhóraim Óige le chéile ar líne den chuid is mó trí fhíschomhdhálacha a reáchtáil i rith na bliana. Rinneadh tréaniarrachtaí a chinntiú go raibh an próiseas ionchuimsitheach agus inrochtana trí na modhanna a úsáideadh chun tuairimí daoine óga a lorg a oiriúnú agus a fhorbairt i rith an ama. Cuireadh modhanna malartacha chun tuairimí a chur in iúl ar fáil áit a bhféadfaí chun inrochtaineacht a mhéadú do chách.
- Eagraíodh pobalbhreitheanna agus vótáil chun cinneadh a dhéanamh maidir le hamanna, dátaí agus tréimhsí ama cruinnithe. Úsáideadh na huirlisí seo lena chinntiú go raibh na cruinnithe níos inrochtana do dhaoine óga.
- Caitheadh le teann measa le daoine óga: cuireadh cláir ghnó ar fáil dóibh le haghaidh cruinnithe ar líne roimh ré, chun deis a thabhairt dóibh smaointe a roinnt maidir leis na pleananna cruinnithe. Bhí tionscnaimh áirithe á reáchtáil ag daoine óga, tionscadal chun físeán a chruthú d'fhéile dhigiteach bhród na n-aerach a reáchtáil, mar shampla.

*ar lean*

- Caitheadh le teann measa le sábháilteacht agus folláine daoine óga freisin: cuireadh eolas ar fáil maidir le seirbhísí tacaíochta seachtracha atá ar fáil dóibh mar iarracht daoine óga a chosaint ó dhochar. Tugadh deis do na daoine óga nár fhreastail ar chruinnithe (gan míniú a sholáthar) nó a sholáthair scóir mheastóireachta níos ísle ná na gnáthscóir, labhairt le héascaitheoirí i gcruinnithe grúpa níos lú nó trí ríomhphost lena chinntiú go rabhthas ag déileáil go cuí le haon saincheisteanna a bhí sainaitheanta. Cuireadh tacaíocht ar fáil nuair ba ghá.
- Lena chois sin, bunaíodh nósanna imeachta um chumhdach leanaí agus fógraíodh iad d'fhonn a chinntiú gur mhothaigh daoine óga sábháilte. I measc nithe eile, bhain na nósanna imeachta sin le: toiliú tuismitheora, rochtain ar an ráiteas um chumhdach leanaí, an cóimheas cuí idir comhaltaí foirne agus daoine óga, treoirlínte le haghaidh grúpobair phearsanta agus ar líne, tinreamh ag cruinnithe a logáil, agus gach cruinniú a thaifeadadh.

## GUTH

- Bhí ról an Fhóraim Óige agus rannpháirtíocht na ndaoine óga sonraithe go soiléir ó thús an phróisis chomhairliúcháin. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh an Fóram ar liosta soiléir topaicí ina raibh gá le hionchur maidir le gníomhartha sonracha a bhí le cur i bhfeidhm.
- Tugadh cuireadh do shaineolaithe ábhair ó ENRanna agus ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais freastal ar chruinnithe nó eolas a sholáthar, lena chinntiú go raibh an t-eolas ag daoine óga a theastaigh uathu chun tuairimí eolasacha a bhunú agus cur ar bhealach lánbhrí le cinnteoireacht. Chomh maith leis sin, cuireadh doiciméid agus míniúcháin inrochtana ar fáil d'fhonn a chinntiú go raibh fáil ar an eolas a bhí riachtanach chun cinntí a dhéanamh.
- Tugadh am do dhaoine óga chun eolas a phróiseáil agus deiseanna chun déileáil le agus cur le cinnteoireacht i ndiaidh cruinnithe. Éascaíodh é seo trí roinnt aipeanna ar líne a chur ar fáil idir cruinnithe agus cuireadh a thabhairt do agus fáiltiú roimh chumarsáid trí ríomhphost ó dhaoine óga.
- Chinntigh seisiúin phleanála rialta le cinnteoirí agus comhaltaí foirne éascaithe fásta go raibh na cruinnithe dírithe ar na cuspóirí a chomhlíonadh agus cur le topaicí agus gníomhartha sonracha a bhí sainaitheanta ag an bhFóram Óige ón tús.
- Baineadh úsáid as modheolaíocht rannpháirtíochta dea-chleachtais le haghaidh leanaí agus daoine óga lena chinntiú go raibh guthanna daoine óga á gcloisteáil agus á dtaifeadadh go beacht. Úsáideadh sa bhreis ar chúig aip ar líne i gcruinnithe digiteacha difriúla chun tacú le hionchuimsiú guthanna daoine óga. Bhí na modhanna ar fad a úsáideadh neamhiata agus taiscéalaíoch chun tacú le rannpháirtíocht neamhchlaonta ó na comhaltaí óga oiread agus ab fhéidir.
- Spreagadh daoine óga chun tuilleadh deiseanna a shainaithint chun a nguthanna a chloisteáil trí úsáid a bhaint as meáin dhifriúla, mar shampla, trí leathanach Instagram a bhunú don Fhóram Óige agus tacú le cruthú físeáin do Pharáid Bhród na nAerach i mBaile Átha Cliath le haghaidh 2020.
- Rinneadh meastóireacht leanúnach ar eispéireas daoine óga ar a nguth a roinnt. Chomh maith leis sin, rinneadh monatóireacht ar a dtuairimí maidir leis an modheolaíocht chomhairliúcháin ón tús lena chinntiú go raibh deis acu aird a tharraingt ar ábhair imní agus modhanna a shainaithint a chabhraigh leo a bheith compordach nuair a bhí a dtuairimí á gcur in iúl acu. D'fhreagair éascaitheoirí don aiseolas seo lena chinntiú gur mhothaigh daoine óga ar a gcompord agus cuireadh feabhas go rialta ar inrochtaineacht na modhanna a bhí ar fáil chun aiseolas a sholáthar agus tuairimí a roinnt. Tairgeadh modhanna malartacha nuair ab fhéidir.

*ar lean*

- Cuireadh in iúl do dhaoine óga go raibh rannpháirtíocht ag an gcéim earcaíochta á déanamh ar bhonn deonach, agus dúradh é seo ag cruinnithe ina dhiaidh sin freisin. Lena chois sin, nuair a cuireadh síneadh le Téarma na Straitéise Óige tugadh deis do dhaoine óga a bheith páirteach nó gan a bheith páirteach i rannpháirtíocht leantach na tréimhse breise. Rinneadh é seo chun aird a tharraingt ar nádúr deonach na rannpháirtíochta san Fhóram Óige.

## POBAL

- Bhí príomhchinnteoirí páirteach sa phróiseas ar fad; bhí ról lárnach ag foireann na Roinne a bhí freagrach as cinnteoireacht i gcruinnithe a phleanáil agus freastal orthu.
- D'fhreastail cinnteoirí eile ar na cruinnithe chun tuairimí an Fhóraim Óige a lorg. Thug sé seo deis do chomhaltaí an Fhóraim cur le cinnteoireacht a bhain leis an Straitéis níos ginearálta sa bhreis ar na gníomhartha sainaitheanta laistigh de ról an Fhóraim. Chuathas i gcomhairle le comhaltaí an Fhóraim i gcónaí, agus tairgeadh cruinnithe a eagrú leis na cinnteoirí ábhartha (e.g. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Coiste Comhairleach Náisiúnta agus ionadaí le haghaidh saincheisteanna LGBTI+ ar Choiste Maoirseachta BOBF). Níor léirigh an Fóram spéis i gcruinniú a eagrú le cinnteoir áirithe agus thug DCEDIY aird ar an gcinneadh seo.
- Cuireadh céimeanna i gcrích lena chinntiú go raibh a fhios ag daoine óga cé leis raibh a gcuid dtuairimí, tuiscintí agus aiseolas á roinnt. Cuireadh é seo in iúl do dhaoine óga ó bhéal. Áit ab fhéidir, tugadh cuireadh do chomhaltaí foirne ón aonad cinnteoireachta freastal ar chruinnithe chun bualadh le daoine óga agus na chéad chéimeanna eile den phróiseas a mhíniú.
- Léirigh DCEDIY a thiomantas do thuairimí daoine óga a chur san áireamh trína thuairimí a lorg faoi shaincheisteanna nach raibh leasuithe nó athruithe suntasacha curtha i bhfeidhm ar phleananna nach raibh eolas roinnte leo ina leith ag an tús. Chinntigh sé seo go raibh comhairliúcháin lánbhrí á reáchtáil le daoine óga i rith an phróisis chinnteoireachta.
- Cruthaíodh agus seoladh taifead oiriúnach do dhaoine óga maidir le hionchuir daoine óga i gcinnteoireacht trí ríomhphost i ndiaidh gach cruinnithe. Bhí an teanga agus na híomhánna a úsáideadh sna ríomhphoist seo inrochtana agus sholáthair siad deiseanna do dhaoine óga obair leantach a dhéanamh bunaithe ar thopaicí agus tuilleadh eolais a lorg. D'fhéadfadh daoine óga freagairt trí ríomhphost a sheoladh má shíl siad go raibh rud éigin in easnamh ó na taifid seo.
- Chruthaigh na cinnteoirí go raibh siad toilteanach éisteacht le haiseolas ó dhaoine óga trí mheastóireachtaí a fhreagairt go díreach. Mar shampla, nuair a tosaíodh ag reáchtáil cruinnithe an Fhóraim Óige ar líne, sholáthair na daoine óga aiseolas a thug le fios go raibh an ionchuimsitheacht a bhaineann le forainmneacha caillte i bpáirt mar nach raibh ainmchlibeanna ar fáil.D'fhreagair na héascaitheoirí agus cinnteoirí don aiseolas seo trí ainmneacha físchomhdhála a athrú agus forainmneacha a chur san áireamh.
- D'fhreastail na daoine fásta a raibh baint acu le príomhghníomhaíochtaí an phróisis rannpháirtíochta ar ghrinn-oiliúint maidir le dea-chleachtas i modhanna rannpháirtíochta agus rannpháirteacha d'ionchur leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht.

## TIONCHAR

- Trína rannpháirtíocht san Fhóram Óige, bhí tionchar ag na comhaltaí ar chinntí a bhain le dearadh, cuma agus éirim, forbairt agus cur i bhfeidhm: greamán fáilte, imeacht ceiliúrtha (Live out Loud) agus Clár Ceannaireachta (https://www.gov.ie/en/campaigns/9ecaf-live-out-loud/).
- Shainaithin agus chuir daoine óga gníomhartha agus gníomhaíochtaí breise dá gcuid féin i bhfeidhm.
- Físeán a chruthú le haghaidh Fhéile Bhród na nAerach Bhaile Átha Cliath 2020, mar shampla, (https:/www.gov.ie/en/press-release/cf11e-minister-zappone-welcomes-lgbti-youth-forums-participation-in-the-dublin-virtual-pride-parade-young-people-from-the-lgbti-youth-forum-to-contribute-to-the-voices-of-young-people-in-dublin-virtual-pride-parade/) agus láithreacht ar an meáin shóisialta trí leathanach Instagram a chruthú (https://www.instagram.com/lgbti_youth_forum/?hl=en).
- Tugadh tuarascálacha i scríbhinn agus ó bhéal do dhaoine óga maidir leis na cinntí a rinneadh agus conas a tugadh aird chuí ar na gcinntí i rith an phróisis chinnteoireachta.
- Anois is arís, bhain moill le cinntí a dhéanamh mar gheall ar imeachtaí gan choinne a bhain le Covid-19. I gcásanna mar sin, roinneadh eolas le daoine óga maidir leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ndáil le cinnteoireacht. Míníodh na cúiseanna a bhí leis na moilleanna agus sonraíodh amlínte nua chun ionchais na ndaoine óga a bhainistiú chomh fada is a bhain le cathain a bheadh cinntí á ndéanamh.
- Tugadh cuireadh do sholáthraithe seirbhíse agus gairmithe a bhí freagrach as gnéithe den chur i bhfeidhm a bhain le gníomhartha ar chuir daoine óga leo freastal ar chruinnithe. Chuir na soláthraithe seirbhíse seo a bpleananna faoi bhráid an Fhóraim Óige chun aiseolas a fháil sular cuireadh na pleananna i bhfeidhm. Tugadh cuireadh do dhaoine óga a dtuairimí a roinnt agus meastóireacht a dhéanamh ar cibé acu an raibh nó nach raibh na soláthraithe seirbhíse, a raibh conradh sínithe acu leis na cinnteoirí, ag cur a bhfís bhunaidh le haghaidh na ngníomhartha i bhfeidhm.
- Sular fiafraíodh de na daoine óga a dtuairimí a roinnt, míníodh an próiseas cinnteoireachta iomlán, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar na cinntí iarbhíre. Cuireadh in iúl do na daoine óga go mbeadh gach iarracht ab fhéidir á déanamh chun a gcuid aiseolais a chur san áireamh ach go mb'fhéidir nach bhféadfaí é seo a dhéanamh i gcónaí mar gheall ar fhachtóirí seachtracha nach mór do chinnteoirí iad a chur san áireamh freisin. Sa chás nach bhféadfaí tuairimí daoine óga a chur i bhfeidhm, míníodh é sin go soiléir i rith cruinnithe agus tarraingíodh aird na ndaoine óga ar na cúiseanna.
- Tugadh foirmeacha meastóireachta do dhaoine óga i ndiaidh cruinnithe ionas go raibh deis acu aiseolas a sholáthar go rialta. Chomh maith leis sin, ghlac daoine óga páirt i gceardlann a bhí eagraithe go seachtrach chun a rannpháirtíocht i gcur i bhfeidhm na Straitéise a mheas.

## 4. Ceachtanna foghlamtha

- Chruthaigh Covid-19 agus an t-aistriú chuig obair ar líne dúshlán i ndáil le cur i bhfeidhm an Fhóraim Óige. Baineann dúshlán ar leith le smaointeoireacht chruthaitheach a spreagadh i measc daoine óga a bhfuil modhanna digiteacha comhairliúcháin in úsáid acu, go háirithe nuair a bhíonn na hamlínte cur chun feidhme sách teoranta. Rinneadh iarrachtaí a bheith oscailte maidir le ceisteanna agus modhanna, ach i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn anois, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar mhodheolaíocht chomhairleach níos oscailte ar líne.

- Tá gá le hiarrachta bhreise le fáil amach cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil bacainní inrochtaineachta ar rannpháirtíocht ar líne a bhféadfaí déileáil leo, go háirithe an ganntanas acmhainní a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do dhaoine óga (e.g. na costais arda a bhaineann le sonraí teileafóin, nó easpa gléasanna nó spásanna oiriúnacha le haghaidh rannpháirtíochta).
- Tá sé riachtanach tuilleadh forbairt a dhéanamh ar ionchuimsitheacht, go háirithe conairí a mhapáil le haghaidh ionchuimsiú méadaithe daoine óga ó eitneachtaí difriúla.
- Tá gá le tuilleadh scrúdaithe ar an tionchar a bheidh ag aistriú chuig úsáid a bhaint as modhanna rannpháirtíochta ar líne, scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag tréigean scáileáin ar thinreamh, mar shampla.

## Rannpháirtíocht daoine óga san eispéireas a bhaineann le maireachtáil i mBaile Uí Dhúda a fheabhsú

### Aonad Cúraim Speisialta Bhaile Uí Dhúda Tusla

Is aonad cúraim speisialta é Baile Uí Dhúda a sholáthraíonn cobhsaíocht i dtimpeallacht theiripeach shlán do dhaoine óga idir 12 agus 17 mbliana d'aois. Is é cuspóir na seirbhíse clár tacaíochta agus idirghabhálacha teiripeacha aonair a sholáthar do dhaoine óga, a chuirfidh ar a gcumas filleadh ar chúram cónaithe.

Cabhraíonn an cúram a sholáthraítear i mBaile Uí Dhúda leis an duine óg rialuithe a fhorbairt, dul i riosca a laghdú, féinmheas a fheabhsú agus díriú ar láidreachtaí. Chomh maith leis, cuireann an cúram a sholáthraítear ar chumas an duine óig rogha chuiditheach a dhéanamh, teacht aniar agus freagracht aonair a fhorbairt. I mBaile Uí Dhúda dírítear ar an méid thuasluaite a bhaint amach trí chaidreamh dearfach a bhunú leis an duine óg, a bheith measúil agus comhbhách, aird a dhíriú ar dhaoine aonair, agus aitheantas a thabhairt dóibh agus a gcuid iarrachtaí a mholadh.

I láthair na huaire, cuimsítear sa champas féinchuimsitheach i mBaile Uí Dhúda foirgneamh riaracháin, trí aonad chónaithe, scoil, áiseanna áineasa faoi dhíon agus limistéar glas. Ar an meán, bíonn ceathrar nó cúigear daoine óga ag fanacht i mBaile Uí Dhúda ag aon am amháin.

#### 1. Sainaithint na dtopaicí

- Bhunaigh agus d'éascaigh an fhoireann i mBaile Uí Dhúda trí choiste a thug deis do na daoine óga teacht le chéile i spás sábháilte agus tacúil agus a dtuairimí a roinnt maidir le conas a n-eispéireas i mBaile Uí Dhúda a fheabhsú.
- Bunaíodh na coistí seo i ndiaidh don fhoireann freastal ar Oiliúint um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga Tusla, agus iarracht a bheith á déanamh ag na comhaltaí foirne agus ag an bhfoireann bhainistíochta leibhéal rannpháirtíochta na ndaoine óga i mBaile Uí Dhúda a mhéadú agus deis a thabhairt dóibh níos mó tionchair a imirt.
- Fiafraíodh de na daoine óga ar mhaith leo a bheith páirteach sna coistí, agus thug siad le fios gur mhaith. Tugadh cuireadh do na daoine óga ar fad i mBaile Uí Dhúda, agus bhí cead acu páirt a ghlacadh sna trí choiste dá mba mhian leo.
- Bhí na coistí dírithe ar na topaicí seo a leanas – an Timpeallacht, Gníomhaíochtaí agus Cleachtais Shriantacha agus bhuail na coistí le chéile go rialta (bunaithe ar chomhaontú leis na daoine óga).
- Chuir na daoine óga go leor moltaí difriúla in iúl go díreach do na comhaltaí foirne, ní hamháin i ndáil lena n-eispéireas i mBaile Uí Dhúda a fheabhsú ach freisin i gcomhthéacs cabhrú leis an aistriú chuig Baile Uí Dhúda (a dúirt na daoine óga a d'fhéadfadh a bheith deacair).
- Bunaithe go díreach ar thuairimí na ndaoine óga, athraíodh 30 cleachtas sriantach agus bunaíodh gníomhaíochtaí agus tionscnaimh nua.
- Tá gealltanas tugtha ag comhaltaí foirne agus ag an bhfoireann bhainistíochta leanúint leis an rannpháirtíocht amach anseo. Leanfaidh siad leis na próisis reatha agus forbróidh siad próisis nua d'fhonn a chinntiú gur féidir leo leanúint leis an rannpháirtíocht le gach duine óg i mBaile Uí Dhúda chun athrú a dhéanamh.

#### 2. Rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht

- Ba iad an fhoireann bhainistíochta agus na comhaltaí foirne i mBaile Uí Dhúda an pobal agus na cinnteoirí.
- Ba iad na comhaltaí foirne a d'éascaigh cruinnithe an choiste a chuir smaointe agus moltaí na ndaoine óga faoi bhráid na gcomhaltaí foirne agus na foirne bainistíochta chun breithniú agus plé dáiríre a dhéanamh.

- Chomh maith leis sin, cuireadh smaointe agus moltaí a tháinig chun solais i rith na n-idirghníomhaíochtaí laethúla leis an bhfoireann san áireamh agus breithníodh iad.
- Lorgaíodh tuairimí na foirne agus rinne na comhaltaí foirne agus an fhoireann bhainistíochta cinntí mar fhoireann maidir le céard iad na hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an eispéireas a fheabhsú do gach duine óg i mBaile Uí Dhúda agus chun an t-aistriú go Baile Uí Dhúda a éascú do dhaoine óga.
- Cuireadh na cinntí a rinneadh in iúl do na daoine óga ó bhéal i dteannta le hamlínte maidir le cur i bhfeidhm nuair a bhí a gcuid moltaí faofa, agus míniúcháin agus réasúnaíocht mura raibh a gcuid moltaí faofa.
- Thóg sé níos faide déileáil le cinntí áirithe seachas a chéile mar gheall ar nádúr casta agus bonn reachtúil na seirbhíse a sholáthraíonn Baile Uí Dhúda nó má bhí maoiniú breise ar fáil. Coinníodh na daoine óga ar an eolas faoin dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ndáil le gach moladh.
- Bhí deis ag comhaltaí foirne agus ag an bhfoireann bhainistíochta na hathruithe molta a phlé agus an dul chun cinn a bhí á dhéanamh leis na daoine óga, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, lasmuigh de na cruinnithe dá mba mhian leo.

### 3. Conas a lorgaíodh tuairimí na ndaoine óga, agus conas a raibh tionchar acu ar na cinntí?

#### SPÁS

- D'éascaigh comhaltaí foirne na dtrí choiste inar bhuail na daoine óga le chéile i spás sábháilte agus tacúil ionas go bhféadfaidís a gcuid tuairimí a chur in iúl agus athruithe a mholadh a bheadh mar bhonn le heispéireas gach duine óig i mBaile Uí Dhúda a fheabhsú.
- Bhí gach coiste á éascú ag comhaltaí foirne a raibh caidreamh maith acu leis na daoine óga, ach bhí na comhaltaí foirne agus an fhoireann bhainistíochta ar fad ag tacú lena gcuid oibre.
- Reáchtáladh na cruinnithe i seomra comhchoiteann a roghnaigh na daoine óga agus a d'athchóirigh siad le déanaí; áit a raibh siad ar a gcompord agus ar bhraith siad a bhí faoina n-úinéireacht féin.
- Cruinnithe neamhfhoirmiúla ba ea na cruinnithe coiste i gcónaí, bhíodh sneaiceanna ar fáil, suíocháin chompordacha agus ní raibh am speisialta leagtha síos le haghaidh tús agus deireadh na gcruinnithe.
- Bhí cead ag gach duine óg freastal ar gach cruinniú coiste an t-am ar fad.
- Chiallaigh an spás sábháilte agus tacúil seo go raibh na daoine óga páirteach ina gcuid moltaí a thabhairt ón tús.

#### GUTH

- Moladh do dhaoine óga na saincheisteanna a theastaigh uathu a phlé a shainaithint ar mhaithe leis an eispéireas do gach duine óg a fheabhsú.
- Tugadh deis dóibh saincheisteanna a shainaithint trí na cruinnithe coiste: fiafraíodh ceisteanna díobh agus bhí cead acu moltaí a dhéanamh a dhéanfadh difríocht dá n-eispéireas cónaithe i mbaile Uí Dhúda.
- I rith na ngrúpsheisiún, moladh dóibh aon smaoineamh nó moladh a chur in iúl a d'fhéadfaí a chíoradh agus a phlé.

*ar lean*

- Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na daoine óga, dá mba mhian leo, réimsí le haghaidh athraithe a shainaithint trína n-idirghníomhaíochtaí laethúla le comhaltaí foirne agus leis an bhfoireann bhainistíochta.
- Bhí níos mó foinn ar dhaoine óga a gcuid tuairimí a chur in iúl i rith plé ag na cruinnithe coiste. Bhí cead ag daoine nach raibh ag iarraidh páirt a ghlacadh sna pléghrúpaí a gcuid smaoineamh a scríobh ar pháipéar, a tharraingt nó a thaifeadadh. Moltar tairbhe a bhaint as bealaí cruthaitheacha léirithe i mBaile Uí Dhúda. Mar shampla, ba bhreá le duine óg amháin a bheith ag tarraingt ar na ballaí, agus chinneamar balla i seomra leapa an duine sin a phéinteáil le péint chláir dhuibh agus moladh don duine sin smaointe a chur in iúl ar an tslí sin.
- D'fheidhmigh roinnt daoine óga mar ionadaí don chuid eile den ghrúpa mura raibh siad ag iarraidh freastal ar chruinniú. Rachadh an duine óg i gcomhairle leis na daoine óga eile roimh an gcruinniú, roinnfí a gcuid tuairimí i rith an chruinnithe agus chuirfí aiseolas ar fáil dóibh ina dhiaidh sin. Comhaltaí foirne a bhí i mbun an phróisis seo a éascú.
- Nuair a tháinig daoine óga nua chomh fada le Baile Uí Dhúda, reáchtáladh tuilleadh comhairliúchán, mar go gcreidimid gur próiseas leanúnach é prionsabal na rannpháirtíochta.

## POBAL

- Bhí na cinnteoirí cearta páirteach sa phróiseas: foireann bhainistíochta agus comhaltaí foirne i mBaile Uí Dhúda.
- Tarraingíodh aird na foirne bainistíochta agus na gcomhaltaí foirne ar athruithe ar na socruithe cónaithe i mBaile Uí Dhúda a mhol na daoine óga. Cuireadh na daoine óga ar an eolas agus cuireadh in iúl dóibh nuair a bheadh freagra le fáil.
- Glacadh go dáiríre lena dtuairimí mar go raibh tiomantas don phróiseas faighte ó na comhaltaí foirne agus ón bhfoireann bhainistíochta sular cuireadh tús leis na comhairliúcháin.
- Lena chois sin, uaireanta d'fhreastail an fhoireann bhainistíochta ar na cruinnithe coiste chun eolas a chloisteáil go díreach ó na daoine óga agus tá beartas 'doras oscailte' i mBaile Uí Dhúda ionas gur féidir le daoine óga i mBaile Uí Dhúda labhairt go díreach leis an bhfoireann bhainistíochta más mian leo.
- Pléadh na smaointe ag cruinnithe foirne agus lorgaíodh tuairimí na gcomhaltaí foirne. Chomhaontaigh na comhaltaí foirne agus an fhoireann bhainistíochta na hathruithe iarrtha a dhéanamh dá mba rud gurbh fhéidir.
- Bhí cuid de na moltaí go hiomlán nua i gcomhthéacs Bhaile Uí Dhúda agus mar a bheifí ag súil leis bhí imní áirithe ann maidir leis na hathruithe seo. Chomhaontaigh na comhaltaí foirne agus an fhoireann bhainistíochta go n-éascódh measúnuithe riosca aonair formhór na n-athruithe a chur i bhfeidhm agus ag an am céanan daoine óga agus comhaltaí foirne a choinneáil sábháilte.

## TIONCHAR

- Athraíodh thart ar 30 cleachtas sriantach mar thoradh ar an bpróiseas comhoibritheach seo agus bunaíodh gníomhaíochtaí agus tionscnaimh nua atá bunaithe go díreach ar thuairimí daoine óga. Áiríodh ina measc:
  - doirse inmheánacha laistigh d'aonaid a dhíghlasáil;
  - seiceálacha i rith na hoíche a laghdú;
  - a (h)airgead póca féin a bheith ag gach duine;
  - níos mó turas;
  - an chistin a dhíghlasáil i rith an lae;
  - uirlisí 'cearta' a úsáid seachas cinn phlaisteacha;
  - rochtain feabhsaithe ar Wi-Fi agus teilifís;
  - a bheith páirteach i bpleanáil biachláir;
  - áiseanna nua a chur ar fáil cosúil le giomnáisiam, tábla púil agus troscán lasmuigh;
  - áit súgartha nua deartha ag na daoine óga.
- I ndiaidh comhairliúchán leis na daoine nua a bhí tar éis teacht chomh fada le Baile Uí Dhúda, áiríodh i measc na n-athruithe breise a chuir an fhoireann bhainistíochta agus na comhaltaí foirne i bhfeidhm:
  - doirse seomraí leapa a fhágáil oscailte i rith na hoíche (más é sin rogha na ndaoine óga,
  - ní hé seo rogha daoine óga áirithe);
  - fáigh réidh leis an scáileán Peirspéacs atá fágtha os comhair na teilifíse;
  - amanna leapa aonair a bhunú;
  - glais inmheánacha a chur ar dhoirse seomraí leapa lena chinntiú go mbeidh príobháideachas ag daoine óga (is féidir iad seo a oscailt i gcás éigeandála).
- Tacaíodh, faomhadh agus cuireadh i bhfeidhm go leor de mholtaí na ndaoine óga chun an t-aistriú chuig Baile Uí Dhúda a dhéanamh níos éasca. Áiríodh ina measc:
  - Físeán maidir le hiontráil déanta ag daoine óga, a bhféadfaí breathnú air nuair a shroicheann siad an t-ionad seachas leabhráin, agus seomra fáiltithe nua agus níos mealltaí le breathnú ar an bhfíseán ann.
  - Bhí an méid seo a leanas le rá ag duine óg amháin:

    ***"Bhí mé i seomra le haghaidh cúpla lá, tháinig 101 duine difriúil isteach chugam agus d'inis siad na rialacha céanna dom arís agus arís eile agus thaispeáin siad leabhar dom. Ní fhéadfainn éisteacht le gach rud. Dá bhféadfainn breathnú ar fhíseán 10 nóiméad bheadh gach rud go breá. Beidh an físeán i bhfad níos fearr."***

  - Paca iontrála nua le litir fáiltithe, bia agus earraí níocháin curtha le chéile ag na daoine óga.

    ***"Rudaí beaga cosúil le munchies, buidéal uisce, coinneálaí scuab fiacla, mata cithfholcadáin, fallaing sheomra. Buidéal te, teidithe, cuir gach aoisghrúpa san áireamh, ní hamháin na leanaí níos sine."***

  - Seomra leapa réamhiontrála réamhdhéanta, ar féidir leis an duine óg a chur in oiriúint dó/di féin trína b(h)uiséad sannta a úsáid nuair a bhíonn sé/sí réidh.

## 5. Forbairtí ina dhiaidh sin

- Go dtí seo, bhí an t-aiseolas ar fad a fuarthas faoi na hathruithe ó gach duine óg dearfach, iad siúd a raibh baint dhíreach acu leis an rannpháirtíocht agus iad siúd nach raibh.

***"Níos mó saoirse san áit anois ná mar a bhí. Tá cead againn airgead póca a choinneáil anois."***

***"Ní raibh cead againn ár mbia féin a dhéanamh roimh dhul a chodladh. Anois fágtar na doirse oscailte agus is féidir linn dul isteach sa chistin. Ní raibh cead againn úsáid a bhaint as gloiní, sceanra. B'éigean dúinn cupáin, sceana agus gabhlóga, plátaí plaisteacha a úsáid. Anois tá cupáin chearta againn."***

***"Is féidir linn an doras a ghlasáil ón taobh istigh. Fuaireamar na glais i ndiaidh na Nollag. Táimid níos neamhspleáiche anois. Tá eochair ag comhaltaí foirne chun an glas a oscailt ach ní bheadh an eochair sin in úsáid ach amháin i gcás éigeandála."***

***"Tá comhaltaí foirne i gcónaí ar lorg tuairimí uainn. Tugann siad cluas éisteachta dúinn."***






*An seomra iontrála nua agus na pacaí iontrála atá deartha ag na daoine óga*

## Eachtra ina raibh tréidlia ag éisteacht le páiste

### An scéal á insint ag cailín 11 bliain d'aois





Tráthnóna Céadaoin a bhí ann nuair a bhí mo Dhaid amach ag siúl le mo mhadra Milo. Bhí mé féin ag teach carad liom atá ina cónaí cóngarach dom. Tháinig mo mháthair chuig an teach á rá gur tharla timpiste inar bhuail carr Milo. Tháinig mé abhaile agus bhí Milo sínte amach ar an urlár, bhí cnapán ar a cheann agus ní raibh a chosa deiridh in ann bogadh. Scuabamar linn é chuig tréidlia ag UCD.

Nuair a shroicheamar an clinic tugadh Milo isteach go dtí an tréidlia. Cuireadh na scrúduithe air, fad is a bhí mise, Mamaí agus Daid ag fanacht sa seomra feithimh. Tháinig tréidlia darbh ainm Sinéad amach agus dúirt sí gurbh fhéidir linn fanacht sa charr agus go gcuirfeadh sí glao gutháin orainn ar ball beag.

Bhíomar ag fanacht ar feadh tréimhse fada go dtí go bhfuaireamar glao gutháin ó Shinéad. Dúirt sí go raibh Milo gortaithe go dona sa chloigeann agus seans nach dtiocfadh sé slán as. Dúirt sí gurbh fhéidir cóir leighis a chur air thar oíche agus ar maidin go mbeidís in ann tuilleadh tástálacha a dhéanamh air, é sin nó é a chur a chodladh.

Thug Sinéad isteach i seomra ciúin sinn chun cinneadh a dhéanamh. Bhí an méid sin ama againn agus a bhí uainn. Chuamar isteach chun Milo a fheiceáil. Chuir an tréidlia ceist orm céard ba mhaith liom a dhéanamh. Bhí sé soiléir dom go raibh Milo ag fulaingt agus gur chóir dom faoiseamh a thabhairt dó. Mhínigh sí conas mar a tharlódh dá gcuirfidís ina choladh é. Gheobhadh sé instealladh chun é a chur ina choladh agus ní bheadh sé ag fulaingt a thuilleadh. D'fhiafraigh sí díom cad a bhí ag teastáil uaim: fanacht leis agus an t-instealladh á fháil aige nó fanacht lasmuigh le mo mháthair. Dúirt me gurbh fhearr liom fanacht lasmuigh.

Thug sí seans dom slán a rá leis agus chuir sí ceist orm ar mhaith liom píosa fionnaidh a fháil uaidh. Dúirt mé gur mhaith agus chuir sí píosa de i mála beag Ziplock. Chuir sí pluidín ar Milo ionas nach mbeadh sé fuar. Thaispeáin sí léaráid de bhoscaí difriúla ionas gurbh fhéidir liom ceann a roghnú chun an luaithreach a chur isteach ann. Roghnaigh mé ceann arbh fhéidir pictiúr a chur isteach ann. Seo é an pictiúr a chuir mé ann. Bhí an tréidlia an-chneasta liom agus dá bharr sin rinne me cinneadh a bheith i mo thréidlia nuair a bheidh mé níos sine.

### Cad é an bealach ar chinntigh an tréidlia go mbeadh Spás, Guth, Éisteacht agus Tionchar ag an bpáiste?

**SPÁS**

- Thug an páiste faoi deara go raibh sí in ann a tuairimí a chur in iúl mar tugadh isteach í lena tuismitheoirí i seomra ciúin.
- Thug an tréidlia an méid ama a bhí de dhíth ar an bpáiste chun a bheith brónach agus tugadh seans di a bheith ag caint.
- Chuir an tréidlia ar a suaimhneas í nuair a d'inis sí a scéal féin faoin am a chaill muintir an tréidlia a bpeata.

## GUTH

- Dúirt an tréidlia leis an bpáiste go raibh an rogha aici cad a bhí le déanamh le Milo agus go mbeadh an focal scoir aici maidir leis an gcinneadh.
- Mhínigh an tréidlia go raibh roghanna ag an bpáiste ach bhí sí ionraic léi nuair a mhínigh sí nach mbeadh Milo in ann bogadh timpeall agus nach mbeadh sé chomh bríomhar is a bhíodh sé dá mairfeadh sé.
- Bhí an páiste in ann na ceisteanna ar chás léi iad a chur.
- Bhí an páiste in ann an cinneadh ab fhearr don mhadra a dhéanamh.

## POBAL

- Trí chomharthaíocht coirp agus trí theagmháil súl bhí an tréidlia ag taispeáint go raibh sí réidh agus toilteanach éisteacht leis an bpáiste.
- Mhínigh an tréidlia don pháiste go raibh roghanna aici ach bhí sí ionraic léi faoi cad a dhéanfadh sise sa chás céanna.
- Chuir an tréidlia in iúl go soiléir don pháiste go gcuirfeadh sí a mianta i bhfeidhm.

## TIONCHAR

- Dúirt an tréidlia leis an bpáiste go raibh an cinneadh deiridh le déanamh aici agus go gcuirfeadh an tréidlia an cinneadh sin i bhfeidhm.
- Mhínigh an tréidlia conas a oibreodh an t-instealladh agus cad a tharlódh ina dhiaidh.
- Thug an tréidlia seans don pháiste am a chaitheamh leis an madra agus slán a rá leis sula bhfaigheadh sé an t-instealladh agus ina dhiaidh.
- Bhí ról lárnach ag an bpáiste maidir leis an gcinneadh deiridh agus bhí seans aici féachaint ar impleachtaí an chinnidh agus é a ligean dó dul ina choladh.

Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland